



2024/915

26.3.2024

**MOLADH (AE) 2024/915 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19 Márta 2024**

**maidir le bearta chun dul i ngleic le góchumadh agus chun forfheidhmiú ceart maoin intleachtúla a fheabhsú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is gné lárnach d'aon straitéis thionsclaíoch mhaith é córas ceart maoin intleachtúla éifeachtúil. Bíonn ról tábhachtach ag tionscail a bhaineann an-úsáid as Maoin Intleachtúil ó thaobh tacú le geilleagar athléimneach, glas agus iomaíoch san Aontas, ag cur 47 % leis an OTI iomlán agus beagnach 40 % leis an bhfostaíocht iomlán. Is ceannródaithe i dteicneolaíochtaí glasa agus táirgí inbhuanaithe iad tionscail chruthaitheacha agus nuálacha Eorpacha. Ar bhonn domhanda, tá sciar an-mhór de phaitinní glasa acu agus tá punanna Maoine Intleachtúla láidre acu i dteicneolaíochtaí amhaíl oiriúnú don athrú aeráide, gabháil agus stóráil carbóin agus cóireáil dramhaíola <sup>(1)</sup>. An tráth céanna, tá méadú suntasach tagtha ar chláirú trádmharcanna glasa san Aontas le deich mbliana anuas <sup>(2)</sup>. Is éard atá i gceist le ceartha Maoine Intleachtúla a chosaint ar bhonn cothrom, gníomhaíocht, infheistíocht, fostaíocht agus táirgiúlacht eacnamaíoch mhéadaithe, lena n-áirítear le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') <sup>(3)</sup>.
- (2) Tarraingíodh líonraí coiriúla mar gheall ar luach díola suntasach na dtáirgí atá cosanta ag Maoin Intleachtúil, rud atá ag cur le méadú ar earraí góchumtha agus píoráideacht. Sainaitnítear an góchumadh mar choireacht ardtionchair i Straitéis an Aontais chun Dul i nGleic leis an gCoireacht Eagraithe, a bhfuil sé mar aidhm aige líonraí coiriúla agus a samhlaigh gnó a dhíchóimeáil <sup>(4)</sup>: Ní amháin go gcailleann sealbhóirí cirt ('sealbhóirí cirt') ioncam mar gheall ar an ngníomhaíocht choiriúil seo, ach cruthaítear rioscaí do shábháilteacht an tomhaltóra, don tsláinte phoiblí agus don chomhshaoil freisin. Le paidéim COVID-19, cruthaíodh deiseanna nua ó thaobh earraí góchumtha agus bradacha a bheith ag dul i gcion ar mhargaí mar gheall ar an mbordradh ar dhíolacháin ar líne agus ganntanais táirgí fíorriachtanacha le linn na tréimhse sin. Chuir an méid sin le teagmhais atá bagrach don bheatha, lena n-áirítear e.g. comhpháirteanna leathsheoltóirí bradacha i ndífhibrileoirí seachtracha uathoibríthe <sup>(5)</sup>. Ina theannta sin, tá imthacaí góchumtha dulta i gcion ar earnálacha éagsúla, a bhagraíonn e.g. d'earnáil an fhuinnimh agus do dhea-fheidhmiú tuirbíní gaoithe. Dá bhrí sin, is gá beartas láidir a bheith ann chun dul i ngleic leis an ngóchumadh agus leis an bpíoráideacht chun a áirithiú go mbainfidh ceartha Maoine Intleachtúla a lán-acmhainneacht amach chun tacú le nuálaíocht, iomaíochas agus geilleagar níos glaise agus níos inbhuanaithe.
- (3) D'ainneoin iarrachtaí chun srian a chur leo, is feiriméan atá ag fás fós iad gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil i ndáil le hearraí góchumtha agus píoráideacht a mbíonn tionchair eacnamaíocha agus shóisialta thromchúiseacha orthu ar phoist agus ar fhás san Aontas <sup>(6)</sup>. Tá gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil bagrach do thionscail éagsúla agus do chineálacha éagsúla earraí, lena n-áirítear táirgí coiteanna tomhaltóra agus gnólacht le gnólacht. Níos tábhachtaí ná aon rud eile, féadfaidh na gníomhaíochtaí sin a bheith nasctha go dlúth le hiompar coiriúil <sup>(7)</sup>. Tá líonraí coiriúla a bhfuil baint acu le coireacht Maoine Intleachtúla ag dul i gcion ar gach céim den slabhra soláthair, agus bíonn sé deacair na coireanna a fhiosrú, os rud é go dtagann an chuid is mó de na hearraí góchumtha a thrádáiltear laistigh den Aontas ón gcoigríoch, rud a fhágann go mbíonn sé níos deacra na príomhpháirtithe leasmhara a aimsiú. Dá réir sin, déanann gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil dochar do mhargadh aonair an Aontais agus do rialacha an Aontais maidir le caighdeán chomhshaoil, sábháilteachta agus eiteice le haghaidh earraí tomhaltóra. Thairis sin, bíonn tionchar suntasach acu ar chuideachtaí Eorpacha, go háirithe FBManna a bhfuil seans 34 % níos lú ann go mairfidh siad i gcás ina sáraítear a Maoin Intleachtúil.

<sup>(1)</sup> Feidhmíocht Eolaíochta, Taighde agus Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh in 2020. Eoraip chóir, ghlas agus dhigiteach.

<sup>(2)</sup> EUIPO (2021): Trádmharcanna glasa an Aontais: Anailís ar shonraíochtaí earraí agus seirbhísí, 1996-2021.

<sup>(3)</sup> EUIPO/OEP (2021): Ceartha maoin intleachtúla agus feidhmíocht láidir san Aontas Eorpach.

<sup>(4)</sup> COM (2021) 170 final.

<sup>(5)</sup> ECFE/EUIPO (2022): Brionnuithe Contúirteacha: Trádáil in earraí góchumtha a chruthaíonn rioscaí don tsláinte, don tsábháilteacht agus don chomhshaoil.

<sup>(6)</sup> In 2019, bhí allmhairí de tháirgí góchumtha agus bradacha isteach san Aontas cothrom le EUR 119 billiún, a bhí comhionann le 5,8 % d'allmhairí an Aontais. ECFE/EUIPO (2021): Trádáil Dhomhanda i mBrionnuithe: Bagairt is Ábhar Inmí, Foilsitheoireacht ECFE.

<sup>(7)</sup> Europol/EUIPO (Mí an Mhárta 2022), Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Maoine Intleachtúla 2022.

- (4) Ina phlean gníomhaíochta Maoine Intleachtúla 2020 <sup>(8)</sup>, gheall an Coimisiún go gcuirfeadh sé feabhas ar fhorfheidhmiú Maoine Intleachtúla, trí Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(9)</sup> a ghlacadh ar an gcéad dul síos, ar céim an-mhór é sin ó thaobh dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach ar líne, agus ar an dara dul síos, trí bhosca uirlisí an Aontais in aghaidh an ghóchumtha a bhunú, a ghlacfar leis an Moladh seo. Ba cheart don bhosca uirlisí comhar éifeachtach idir sealbhóirí cirt, soláthraithe seirbhísí idirghabhála, agus údaráis inniúla a chur chun cinn agus a éascú, agus beifear ag iarraidh dea-chleachtas agus úsáid uirlisí iomchuí agus teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn leis. Chuir Parlaimint na hEorpa <sup>(10)</sup> agus an Chomhairle <sup>(11)</sup> fáilte roimh an tionscnamh seo.
- (5) Cuireann an Moladh seo le torthaí comhairliúcháin leathain atá á chur i gcrích ó bhí 2021 ann. Áirítear leis sin, go háirithe, ceardlanna páirtithe leasmhara arna n-eagrú le linn 2021 agus 2022, ionchuir sa Ghlaio ar Fhianaise 2022 <sup>(12)</sup>, cruinniú comhcheime ardleibhéil arna óstáil ag an gCoimisinéir Thierry Breton, i mí an Mheithimh 2022, cruinnithe an tsainghrúpa, agus an Cruinniú Mullaigh Idirnáisiúnta um Fhorfheidhmiú Maoine Intleachtúla arna réachtáil i mí an Mheithimh 2023. Leis an gcomhairliúchán leathan seo, léiríodh an tábhacht a bhaineann le comhar agus comhroinnt faisnéise a mhéadú i measc na bpáirtithe leasmhara uile, go háirithe údaráis phoiblí, sealbhóirí cirt, agus soláthraithe seirbhísí idirghabhála. Aithníodh sa chomhairliúchán freisin an tábhacht a bhaineann le cur leis an mbeartas a bheidh ann amach anseo maidir le forfheidhmiú ceart Maoine Intleachtúla i leith uirlisí atá ann cheana agus reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, is é sin: (i) Rialachán (AE) 2022/2065 maidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha; (ii) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(13)</sup> maidir le bearta le haghaidh ardleibhéil cibearshlándála coiteann ar fud an Aontais; (iii) Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(14)</sup> maidir le forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla, agus (iv) Rialachán (AE) 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(15)</sup> maidir le forfheidhmiú custaim ceart Maoine Intleachtúil, chomh maith le Rialachán (AE) 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(16)</sup> lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.
- (6) Tá Treoir 2004/48/CE infheidhme maidir le gach ceart Maoine Intleachtúla a chumhdaítear le dlí an Aontais agus/nó le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann mar a leagtar amach in Airteagal 2. Féachann sí le leibhéal cosanta ard, comhionann agus aonfhoirmeach a áirithiú sa mhargadh aonair, lena léirítear an gá le cleachtais choiteanna forfheidhmithe Maoine Intleachtúla. Agus an cur chuige comhleanúnach seo ar fhorfheidhmiú Maoine Intleachtúla á leanúint, cumhdaítear leis an Moladh seo gach gníomhaíocht a sháraíonn Maoine Intleachtúil a chuirtear i gcrích ar scála tráchtála, ar gníomhartha iad a dhéantar chun leas eacnamaíoch nó tráchtála díreach nó indíreach a bhaint astu. Chun críocha an Mholta seo, baineann gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil ar scála tráchtála le hearraí agus ábhar góchumtha agus bradach araon, a bhí faoi réir sárú ar thrádmharc, tásca geografach, paitinn, dearadh nó cóipcheart. Gan cur isteach ar ghnéithe a dtugtar aghaidh orthu le Moladh (AE) 2023/1018 <sup>(17)</sup> maidir le dul i ngleic le píoráideacht spórt agus imeachtaí beo eile ar líne, d'fhéadfadh an chuid is mó de na príonsabail threoracha, dea-chleachtais agus uirlisí arna bhforbairt faoin Moladh seo a bheith ábhartha maidir le dul i ngleic le gníomhaíochtaí sáráitheacha a bhaineann le hábhar ar líne atá cosanta mar mhaoine intleachtúil freisin, mar shampla i réimsí na mbeart deonach arna ndéanamh ag idirghabhálaithe ar líne, an chomhair feabhsaithe i measc údaráis náisiúnta inniúla agus na comhroinnte faisnéise agus sonraí.

<sup>(8)</sup> COM(2020) 760.

<sup>(9)</sup> Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair Do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj>).

<sup>(10)</sup> Parlaimint na hEorpa: Tuarascáil 'Plean gníomhaíochta um maoine intleachtúil chun tacú le téarnamh agus athléimneacht an Aontais', (2021/2007(INI)).

<sup>(11)</sup> Conclúidí 12750/20 an 10 Samhain 2020, agus 9932/21 Meitheamh 2021 ón gComhairle.

<sup>(12)</sup> Glaio ar fhianaise bhosca uirlisí an Aontais in aghaidh góchumtha ([https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12915-EU-toolbox-against-counterfeiting\\_en](https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12915-EU-toolbox-against-counterfeiting_en)).

<sup>(13)</sup> Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéil comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj>).

<sup>(14)</sup> Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú (IO L 157, 30.4.2004, lch. 45, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2004/48/oj>).

<sup>(15)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údaráis custaim ar chearta maoine intleachtúla agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1383/2003 ón gComhairle (IO L 181, 29.6.2013, lch. 15, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/608/oj>).

<sup>(16)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj>).

<sup>(17)</sup> Moladh (AE) 2023/1018 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2023 maidir le píoráideacht spórt agus imeachtaí beo eile ar líne a chomhrac, (IO L 136, 24.5.2023, lch. 83, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2023/1018/oj>).

- (7) Soláthraítear le Rialachán (AE) 2022/2065 rialacha comhchuibhithe maidir le timpeallacht ar líne atá sábháilte, intuairthe agus iontaofa. Sa chomhthéacs sin, tagraíonn Rialachán (AE) 2022/2065 d'fhaisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha amhail táirgí góchumtha a dhíol mar shampla d'ábhar neamhdhleathach agus forchuirtear oibleagáidí sonracha leis ar chatagóirí áirithe sonracha soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne. Tá roinnt de na hoibleagáidí sin ríthábhachtach maidir le feabhas a chur ar an gcomhrac in aghaidh an ghóchumtha agus na píoráideachta. Is amhlaidh sin, mar shampla, leis na nithe seo a leanas: (i) pointí teagmhála agus ionadaithe dlíthiúla a cheapadh; (ii) na ceanglais maidir le téarmaí agus coinníollacha; (iii) na hoibleagáidí tuairiscithe trédhearcachta; (iv) na sásraí fógra agus gnímh; (v) an sásra gearán agus sásaimh; (vi) an sásra comharthóra iontaofa; (vii) bearta agus cosaint in aghaidh mí-úsáide; (viii) bearta chun inrianaitheacht na dtrádálaithe – a dtugtar oibleagáidí 'bíodh aithne agat ar do ghnólacht agus ar do chustaiméirí' orthu – a cheangal; agus (ix) bearta chun rioscaí a mheas agus a mhaolú.
- (8) Tacaíonn an Coimisiún le cur chun feidhme an Mheabhráin Tuisceana maidir le hearraí góchumtha a dhíol ar an idirlíon ('An MoU maidir le góchumadh') agus an Meabhrán Tuisceana maidir le fógraíocht ar líne agus cearta Maoine Intleachtúla ('An MoU maidir le fógraíocht'). Is ionstraimí deonacha iad an dá cheann acu atá oscailte do shealbhóirí cirt, ardán ar líne agus comhlachais ghnó. Tá rannpháirtithe sna MoUnna sin tiomanta do na prionsabail a leanúint agus tabhairt faoi na gníomhaíochtaí a leagtar amach leis na MoUnna, lena n-áirítear comhar déthaobhach agus an malartú faisnéise. Cruthaíodh gur tionscnaimh rathúla faoi stiúir an tionscail iad na MoUnna. Mar sin féin, le teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2065, soláthraítear deis chun machnamh a dhéanamh ar thodhchaí na MoUnna chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith oiriúnach don fheidhm. Is gá, dá bhrí sin, próiseas nuachóirithe de na MoUnna a sheoladh agus na sínitheoirí agus na páirtithe leasmhara eile uile a spreagadh gabháil don phróiseas seo ar bhonn gníomhach. Is ábhartha Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2022/2065, dá bhforáiltear maidir leis an bhfeidhearthacht chun cóid iompair dheonacha a tharraingt suas ar leibhéal an Aontais chun cur le cur i bhfeidhm ceart Rialachán (AE) 2022/2065. Le hAirteagal 46 déantar foráil freisin maidir le cóid iompair le haghaidh fógraíocht ar líne chun cur le tuilleadh trédhearcachta le haghaidh gníomhaithe sa slabhra luacha fógraíochta ar líne. Ar deireadh, le hAirteagal 17 de Threoir 2004/48/CE spreagtar forbairt cóid iompair freisin chun forfheidhmiú ceart Maoine Intleachtúla a fheabhsú mar bhealach breise chun an creat rialála a dhaingniú.
- (9) Tá sealbhóirí cirt i gcáil uathúil chun gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil agus a bhaineann le hearraí góchumtha nó bradacha a bhrath, a shainaitheant agus a chur in iúl. Tá inniúlacht agus taithí shuntasach faighte ag sínitheoirí an MoU faoi stiúir an tionscail maidir le góchumadh i gcaitheamh na mblianta toisc go gcuireann siad fógraí isteach go tráthrialta ar cheart, de réir phrionsabail an MoU, a phróiseáil gan moill mhíchúí. Thairis sin, gheall sínitheoirí an MoU go ndéanfaidh siad céimeanna atá réasúnach ar bhonn tráchtála agus ar fáil chun fógra a thabhairt ar bhealach freagrach agus cruinn agus leis an gcruinneas is gá chun fógraí gan údar, gan bhunús agus maslach a sheachaint. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sealbhóirí cirt ar sínitheoirí an Mheabhráin Tuisceana iad breithniú a dhéanamh ar iarratas a dhéanamh ar stádas comharthóra iontaofa chun tairbhe a bhaint as an láimhseáil shonrach a leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2022/2065. A mhéid a bhaineann leis sin, tá na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha le measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann an t-iarratasóir na critéir dá ndéantar foráil in Airteagal 22(2), is é sin i) má tá saineolas agus inniúlacht shonrach aige chun ábhar neamhdhleathach a bhrath, a shainaitheant agus fógra a thabhairt ina leith, ii) má tá sé neamhspleách ar aon soláthraí ardán ar líne, agus iii) má thugann sé faoina ghníomhaíochtaí chun críocha fógraí a chur isteach go dícheallach, go beacht agus go hoibiachtúil. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord um Sheirbhísí Digiteacha, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm an tsásra comharthóra iontaofa faoi Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2022/2065.
- (10) Tá comhar agus comhroinnt faisnéise mhéadaithe fíor-riachtanach agus ba cheart iad a chur chun cinn tuilleadh, ar gach leibhéal, i gcomhréir le dlí an Aontais, cosaint sonraí pearsanta agus an tsaoirse fiontraíochta faoi Airteagal 16 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Ba cheart dea-chleachtais a shainaitheant agus a mholadh do gach gníomhaí, lena n-áirítear margáí ríomhthráchtála, soláthraithe seirbhíse iompair agus lóistíochta, soláthraithe seirbhíse íocaíochta, soláthraithe meán sóisialta, soláthraithe seirbhíse ainmneacha fearainn, etc. Ar an dara dul síos, ba cheart tuilleadh comhair agus comhroinnt faisnéise a spreagadh. Baineann sé sin leis na húdaráis inniúla uile, lena n-áirítear údaráis um fhaireachas margaidh nach bhféadfaidh inniúlachtaí le haghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil a bheith acu, agus tuilleadh úsáid a bhaint as uirlisí tiomnaithe amhail an Tairseach Forfheidhmiúcháin um Maoine Intleachtúil ('IPEP'), an Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh ('ICSMS'), agus an Geata Sábháilteachta le haghaidh táirgí contúirteacha a d'fhéadfadh gur táirgí góchumtha iad.
- (11) Bíonn ról ríthábhachtach ag soláthraí seirbhíse iompair agus lóistíochta ó thaobh earraí a dhíol agus a dháileadh agus bíonn siad fíor-riachtanach chun slabhraí soláthair iontaofa a chothú. Mar sin féin, féadfaidh sáraitheoirí mí-úsáid a bhaint as seirbhísí iompair agus lóistíochta.

- (12) Ar an gcaoi chéanna, cé go bhféadfaidh seirbhísí íocaíochta a bheith lárnach do ghníomhaíochtaí sealbhóirí cirt, is féidir iad a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil freisin. I gcásanna áirithe, le húsáid seirbhísí íocaíochta éagsúla, féadfar forbairt cleachtas a cheadú lena ndéanfar an méid seo a leanas: (i) é a dhéanamh níos casta an sreabhadh cistí a rianú; agus (ii) brath aon úsáid fhéideartha de sheirbhísí íocaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a dhéanamh níos deacra.
- (13) Agus éileamh méadaithe ar na meáin shóisialta, tá straitéisí nua á bhforbairt lena bhféadfar mí-úsáid na meán sóisialta a chumasú tuilleadh chun gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a chur i gcrích. Leis sin, cruthaítear dúshláin nua le haghaidh soláthraithe meán sóisialta, sealbhóirí cirt agus údarais inniúla, agus cuirtear an gá le hiarrachtaí comhair i dtábhacht. Sa chomhthéacs sin, trí dhea-chleachtais a chur chun cinn i measc príomhsholáthraithe seirbhísí idirghabhála, is féidir cuidiú le tacú le beartas comhleanúnach in aghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil.
- (14) Cé go bhfuil ainmneacha fearainn ríthábhachtach sa timpeallacht ar líne, is féidir iad a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil ar líne. Is amhlaidh atá nuair a bhaintear mí-úsáid as cearta Maoine Intleachtúla in ainm an fhearainn é féin (i.e. cibearshuiteoireacht nó cibearshuiteoireacht mhílirithe) nó nuair a thugann ainm an fhearainn rochtain ar shuíomh gréasáin a thacaíonn le sáraithe Maoine Intleachtúla. Tá sonraí clárúcháin maidir le hainmneacha fearainn (sonraí WHOIS) fíorthábhachtach maidir le slándáil, cobhsaíocht agus athléimneacht an chórais ainmneacha fearainn. Ar an gcúis sin, le Treoir (AE) 2022/2555, cuirtear oibleagáid ar na Ballstáit a cheangal ar chlárlanna ainmneacha fearann barrleibhéil ("TLD") agus ar eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainmneacha fearainn sonraí cláraithe ainmneacha fearainn atá cruinn agus iomlán a bhailiú agus a choinneáil ar bun i mbunachar sonraí tiomnaithe lena gcumasaítear sealbhóirí na n-ainmneacha fearainn a aithint agus teagmháil a dhéanamh leo. Ní mór rochtain a sholáthar ar shonraí clárúcháin ainmneacha fearainn sonracha ar iarrataí dleathacha agus a bhfuil bunús cuí leo ó chuardaitheoirí dlísteanaigh ar rochtain. Ba cheart freagra a thabhairt gan moill mhíchú agus in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis aon iarrataí ar rochtain a fháil. Faoi Threoir (AE) 2022/2555, ba cheart cuardaitheoirí dlísteanaigh ar rochtain a thuiscint mar aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann iarraidh de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta. Is féidir ról lárnach a bheith ag cruinneas agus iomláine sonraí clárúcháin ainmneacha fearainn freisin ó thaobh cearta Maoine Intleachtúla a fhorfheidhmiú. I gcás inar féidir aitheantas sáraitheora líomhnaithe agus a sonraí teagmhála a nochtadh i gcomhréir le dlí an Aontais, agus go háirithe, i gcomhréir le cosaint sonraí pearsanta, an ceart bunúsach chun príobháideachais agus an ceart chun gnó a dhéanamh, agus sa chás sin amháin, is féidir cuntasacht a bheith ann le haghaidh sárúithe agus aon díobháil ábhartha. Tá an méid sin gan dochar do chearta na cosanta, agus cúinsí an cháis i gceist agus na ráthaíochtaí is gá chun na costais agus an díobháil a rinneadh don chosantóir á gcur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 9(7) de Threoir 2004/48/CE.
- (15) Is féidir gur cúram costasach agus dian ar acmhainní le haghaidh sealbhóirí cirt é monatóireacht a dhéanamh ar an margadh ar líne le haghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil. Dá bhrí sin, ba cheart dea-chleachtais dheonacha amháin córas faisnéise agus rabhaidh na n-ainmneacha fearainn le haghaidh an fhearainn barrleibhéil.eu arna oibriú ag an gClárlann Eorpach um Fhearainn Idirlín ('EURid') agus Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ('EUIPO') a leathnú. Is é is cuspóir leis an gcomhar seo feacht a éascú chun cearta Maoine Intleachtúla úinéirí trádmharcanna an Aontais a choimirciú agus faisnéis iontaoifa maidir leis na hainmneacha fearainn.eu agus a n-infhaighteacht a sholáthar.
- (16) Tá comhar idir an pobal agus oibreoirí príobháideacha fíor-riachtanach chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil. Ar cheann de na chéad chonstaicí ó thaobh comhar a bhunú, tá an easpa teagmhálaí sainaitheanta chun aghaidh a thabhairt ar ábhair a bhaineann le cearta Maoine Intleachtúla agus gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil i mBallstát nó ar bhonn trasteorann. Leis an easpa sin de theagmhálaí, déantar forfheidhmiú ceart Maoine Intleachtúla tapa agus sofhreagrúil a chosc agus bíonn tionchar aige ar chomhar idir páirtithe leasmhara. Mar sin féin, mar a chuirtear i dtábhacht leis na freagraí ar an nglao ar fhianaise, d'fhéadfaí an fhadhb seo a réiteach gan dua trí theagmhálaí amháin a cheapadh le haghaidh forfheidhmiú Maoine Intleachtúla.
- (17) D'fhéadfaí feabhas mór a chur ar mhálartuithe faisnéise dá n-úsáidfeadh na hoibreoirí eacnamaíochta agus údarais inniúla lena mbaineann na huirlisí atá ann cheana amháin ICSMS, an Geata Sábháilteachta agus IPEP ar bhonn níos forleithne chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil. Tá IPEP á bhforbairt ag EUIPO agus cumasaítear leis cumarsáid idir sealbhóirí cirt agus údarais inniúla, e.g. le bainistíocht leictreonach d'iarratais chustaim ar ghníomhaíochtaí ('AFAnna') i ndáil le hearraí a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad cearta Maoine Intleachtúla. D'fhorbair Ballstáit áirithe tairseach trádlála dá gcuid féin chun na críche céanna. Le huirlisí den sórt sin, éascaítear obair na sealbhóirí cirt agus na n-údarás custaim araon trí bhealaí iontrála lárnacha a sholáthar do shealbhóirí cirt maidir le cosaint Maoine Intleachtúla sna Ballstáit uile. Tá síneadh leis an ardán IPEP seolta ag EUIPO agus rinneadh sé inrochtana d'idirghabhálaithe é, ag tosú le margáí ríomhthráchtála. Ciallaíonn sé sin gur féidir le margáí ríomhthráchtála cearta Maoine Intleachtúla a fhíorú gan dua anois agus cumarsáid a dhéanamh le sealbhóirí cirt ábhartha nuair is gá. Chun go mbainfeadh an uirlis sin a lán-acmhainneacht amach, is gá go nglacfaidh sealbhóirí cirt agus údarais náisiúnta inniúla leis tuilleadh.

- (18) Ní dhéanann roinnt mhaith údarás um fhaireachas margaidh beart i gcás ina dtagann siad ar fhianaise ar earraí góchumtha nó bradacha líomhnaithe e.g. tríd an méid seo a leanas a dhéanamh (i) na torthaí san ICSMS a thuairisciú; (ii) comhoibriú le sealbhóirí cirt nó údarás inniúla tríd an IPEP, nó (iii) rabhaidh maidir le hearraí contúirteacha a sheoladh tríd an nGeata Sábháilteachta arb é córas mear-rabhaidh an Aontais é le haghaidh táirgí neamhbhíá contúirteacha, lena n-áirítear táirgí góchumtha. Fágann an méid sin go gcailltear deis chun níos mó a chur leis an gcomhrac in aghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil. Ina theannta sin, níl an chumhacht ag roinnt mhaith údarás um fhaireachas margaidh chun cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú, cé gur féidir ról ríthábhachtach a bheith acu ó thaobh dul i ngleic leis an ngóchumadh <sup>(18)</sup>. Is minic a urghabhtar táirgí góchumtha ag na teorainneacha, ach féadfar iad a bhrath ar fud an tslabhra soláthair freisin, e.g. le linn cigireachtaí rialaithe cáilíochta. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, ról na n-údarás um fhaireachas margaidh a chur chun cinn sa chomhrac in aghaidh táirgí góchumtha. Chun faireachas margaidh nó inniúlacht údarás forfheidhmithe eile a threisiú, agus ar iarraidh ó Bhallstát, féadfar tacaíocht theicniúil a sholáthar de réir Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(19)</sup> lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.
- (19) Tá EUIPO ag obair i gcomhar le roinnt mhaith oifigí Maoine Intleachtúla náisiúnta rannpháirteacha sna Ballstáit chun bailiúchán príomhbhreithiúnas forfheidhmithe Maoine Intleachtúla náisiúnta a chruthú. Ó bhí 2014 ann, tá baint ag oifigí rannpháirteacha, in éineacht leis an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí, le bailiú córasach príomhbhreithiúnas forfheidhmithe a chuirtear ar fáil sa Bhunachar Sonraí Cásdlí eSearch. Áirítear leis an mbailiúchán sin príomhbhreithiúnas ar gach cineál ceart Maoine Intleachtúla ó na Ballstáit uile agus cumhdaítear idir chásanna sibhialta agus chásanna coiriúla leis. Meastar na breithiúnas a bheith 'ríthábhachtach' toisc go soláthraítear treocht nó forbairt nua sa dlí-eolaíocht leo. Tá faireachán á dhéanamh ar chásanna coiriúla faoi Líonra Eorpach na nIonchúisitheoirí Maoine Intleachtúla freisin. D'fhéadfaí feabhas mór a chur ar fhorfheidhmiú Maoine Intleachtúla trí fheasacht a chur chun cinn, rannchuidithe tráthrialta ó oifigí Maoine Intleachtúla, agus úsáid níos forleithne bunachar sonraí den sórt sin.
- (20) Tá comhar leanúnach idir EUIPO agus comhlachtaí forfheidhmithe an Aontais tábhachtach ó thaobh iarrachtaí in aghaidh sárúithe Maoine Intleachtúla a chuicóirí. Áirítear leis sin tacú le hiarrachtaí comhair cuir i gcás an tArdán Ildisciplíneach Eorpach i gCoinne Bagairtí Coiriúla ('EMPACT'), ar ardán comhair é atá á chur ar aghaidh ag na Ballstáit chun bagairtí a bhaineann le coireacht eagraithe agus thromchúiseach idirnáisiúnta, amhail coireacht Maoine Intleachtúla, a aithint, a chur in ord tosaíochta agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart don phobal forfheidhmithe Maoine Intleachtúla fáilte a chur roimh an ardán comhair ildisciplíneach seo.
- (21) Is réiteach malartach costéifeachtach, níos gasta agus níos éifeachtúla ar imeachtaí dlíthiúla traidisiúnta iad nósanna imeachta réitigh malartaigh díospóidí ('RMD'), go háirithe le haghaidh díospóidí trasteorann agus le haghaidh FBManna. Dá bhrí sin, ba cheart rochtain ar imeachtaí RMD a leathnú chun gach cineál díospóide Maoine Intleachtúla a áireamh, lena n-áirítear i gcomhthéacs díospóidí maidir le hainmneacha fearainn.
- (22) Le Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(20)</sup> agus Treoir 2004/48/CE tugtar an deis do shealbhóirí cirt urghaire a lorg in aghaidh soláthraí seirbhíse idirghabhálaí a bhfuil a chuid seirbhísí á n-úsáid ag tríú páirtí chun cearta Maoine Intleachtúla na sealbhóirí cirt a shárú. Le Treoir 2004/48/CE déantar foráil freisin maidir le himeachtaí um shárú sealadacha nó idirbheirtheacha le haghaidh sárúithe atá ar tí tarlú. Foráiltear léi, go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha, i gcás ina ndéanfar cinneadh breithiúnach go ndearnadh sárú Maoine Intleachtúla, urghaire a eisiúint in aghaidh an tsáraitheora a bhfuil sé mar aidhm léi leanúint den sárú a thoirmeasc. Go dtí seo, ní raibh urghairí dinimiciúla ar fáil ach i roinnt Ballstát. Bíonn raon feidhme agus ceanglais na n-urghairí sin éagsúil i measc na ndlínsí, lena n-áirítear maidir lena mhéid a bhféadfar bearta teicniúla sonracha a leagan síos le hordú cúirte chun an urghaire a chur chun feidhme <sup>(21)</sup>. In 2017, le teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Samhain 2017

<sup>(18)</sup> Féach aithris 17 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1020/oj>).

<sup>(19)</sup> Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/240/oj>).

<sup>(20)</sup> Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuíbhíú sa tsochaí faisnéise (IO L 167, 22.6.2001, lch. 10, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2001/29/oj>).

<sup>(21)</sup> Cf. Cinneadh ón gCoimisiún agus ó Rannán Speisialaithe Chúirt Bologna an 7 Eanáir 2020, 'Coop Italia', lena leathnaítear raon feidhme na hurghaire chun úsáid aon chomhartha ar leith a áireamh, lena n-áirítear an ghné cheannasach de thrádmharc sáraithe.

'Treoraíocht maidir le gnéithe áirithe de Threoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forfheidhmiú ceart maoiníntleachtúla' <sup>(22)</sup>, sonraíodh go bhféadfaidh, i gcásanna áirithe, éifeachtacht urghairí a bheith laghdaithe mar gheall ar athruithe ar an ábhar ar ordáíodh an urghaire ina leith. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina bhfuil suíomhanna gréasáin 'scáthánaithe' faoi ainmneacha fearainn eile agus nach mbíonn aon tionchar ag an urghaire orthu, dá réir sin. Dá réir sin, faoi réir coimircí áirithe, is féidir gur modh éifeachtach iad urghairí dinimiciúla chun leanúint de shárú Maoine Intleachtúla a chosc ar líne agus as líne araon. I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais <sup>(23)</sup>, agus urghairí dinimiciúla á dtabhairt, ba cheart cearta bunúsacha a chur san áireamh, is é sin an ceart chun saoirse tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil faoi Airteagal 11 an tsaoirse fiontraíochta faoi Airteagal 16 den Chairt.

- (23) Is minic a bhíonn gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil i dlínseach agus a chumhdaítear cineálacha éagsúla seirbhísí idirghabhála, ar líne agus as líne araon leo. Sa chomhthéacs sin, bíonn sé fíor-riachtanach rochtain ar fhaisnéis a éascú – agus an fhaisnéis sin a chomhroinnt – i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile ar fud na timthrialla forfheidhmithe Maoine Intleachtúla chun gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil a shainiú, a fhiosrú agus a shaothrú, ar choinníoll go gcuirtear aon rochtain agus comhroinnt den sórt sin i gcrích i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais, lena n-áirítear cosaint sonraí pearsanta agus an ceart chun príobháideachais. Foráiltear le hAirteagal 8 de Threoir 2004/48/CE cheana maidir le ceart chun faisnéise maidir le líonraí tionscnaimh agus dáilte na n-earraí nó na seirbhísí sáráitheacha i gcásanna a bhaineann le gníomhaíochtaí sáráithe Maoine Intleachtúla ar scála tráchtála. Tá an ceart sin infheidhme i gcomhthéacs imeachtaí a bhaineann le sárú ar cheart Maoine Intleachtúla ar scála tráchtála agus mar fhreagairt d'iarraidh ón éilitheoir a bhfuil bonn cirt léi agus atá comhréireach, agus sa chás sin amháin. Níor cheart an tábacht a bhaineann leis an gceart chun faisnéise a ghanmheas. Mar a mheabhraigh an Chúirt Bhreithiúnais le déanaí <sup>(24)</sup>, bíonn ról ag an gceart chun faisnéise ó thaobh an ceart chun leigheas éifeachtach a dhearbhu agus, ar deireadh, ráthaítear leis feidhmiú éifeachtach an chirt bhunúsach chun maoiníntleachtúla faoi Airteagal 17 den Chairt, lena n-áirítear cearta Maoine Intleachtúla.
- (24) Mar sin féin, le linn an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, chuir páirtithe leasmhara in iúl go bhfuil éiginnteacht i réimse an chirt chun faisnéise agus d'iarr siad tuilleadh treoraíochta a fháil a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha, an cineál faisnéise, an caidreamh le cosaint sonraí, faoina bhféadfaí feabhas a chur ar an gceart chun faisnéise idir sealbhóirí cirt agus idirghabhálaithe.
- (25) Chinn an Chúirt i gcás C-597/19 gur nós imeachta ar leithligh do na himeachtaí um shárú é an ceart chun faisnéise in Airteagal 8(1) de Threoir 2004/48/CE i bhfabhar an tsealbhóra ceart. Féadfar é a ardú in imeachtaí ar leithligh toisc nach féidir i gcónaí an fhaisnéis ábhartha ar fad a iarraidh i gcomhthéacs imeachtaí lena bhfeicfead gur sáráíodh ceart maoiníntleachtúla ina ndiaidh. Go háirithe, féadfar nach mbeidh sealbhóir an chirt maoiníntleachtúla ar an eolas faoi mhéid an tsáráithe ar an gceart sin ach i ndiaidh chríochnú críochnaitheach na n-imeachtaí sin <sup>(25)</sup>. Níl feidhmiú an chirt chun faisnéise dá ndéantar foráil in Airteagal 8(1) de Threoir 2004/48/CE teoranta d'imeachtaí lena lorgaítear toradh de shárú ar cheart maoiníntleachtúla. Tá críoch na hiarrata ar fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Treoir éagsúil le críoch na hiarrata ar ghníomhaíocht lena lorgaítear toradh ina suitear gur sáráíodh ceart Maoine Intleachtúla. I C-628/21 chinn an Chúirt dá mba amhlaidh go raibh an iarraidh sin ar fhaisnéis faoi réir an chaighdeán céanna cruthúnais le himeachtaí dlíthiúla lena lorgaítear toradh lena suitear gur sáráíodh ceart Maoine Intleachtúla, go gcaillfí cuid mhór d'úsáid phraiticiúil an nós imeachta ar leithligh arna bhunú le hAirteagal 8 den Treoir, atá ina ghné shonrach de dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, is gá idirdhealú a dhéanamh idir feidhm iarrata ar fhaisnéis de bhun Airteagal 8 de Threoir 2004/48/CE agus feidhm imeachtaí dlíthiúla lena lorgaítear toradh lena suitear gur sáráíodh ceart Maoine Intleachtúla.
- (26) Tá íoc damáistí iomchuí i gcás cinnidh bhreithiúnaigh gur sáráíodh ceart Maoine Intleachtúla ina phríomheilimint eile de bheartas forfheidhmiúcháin Maoine Intleachtúla, mar a fhoráiltear le hAirteagal 13 de Threoir 2004/48/CE. Le linn an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, shonraigh na páirtithe leasmhara gur minic nach iomchuí damáistí chun an dochar iarbhrí a d'fhulaing an sealbhóir cirt a leigheas. Mar atá ráite ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcás C-99/15, comhpháirt den dochar iarbhrí a d'fhulaing an sealbhóir cirt is ea dochar morálta, amhail damáiste do chlú údair saothair, ar choinníoll go gcruthaítear bunús a bheith leis' <sup>(26)</sup>. Tá feidhm ag Treoir 2004/48/CE, d'ainneoin na modhanna dá ndéantar foráil, go háirithe, leis an reachtaíocht náisiúnta, a mhéid a bhféadadh na

<sup>(22)</sup> COM (2017) 708 final.

<sup>(23)</sup> Féach go háirithe breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 27 Márta 2014, *UPC Telekabel Wien*, C-314/12 ECLI:EU:C:2014:192, agus breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 15 Meán Fómhair 2016, *Tobias Mc Fadden* C-484/14 ECLI:EU:C:2016:689.

<sup>(24)</sup> Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 27 Aibreán 2023, *Castorama Polska and Knor*, C-628/21, ECLI:EU:C:2023:342, mír 43.

<sup>(25)</sup> Breithiúnas na Cúirte (An Cúigiú Dlísheomra) an 17 Meitheamh 2021, *M.I.C.M.*, C-597/19, ECLI:EU:C:2021:492

<sup>(26)</sup> Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 17 Márta 2016, *Liffers*, C-99/15, ECLI:EU:C:2016:173, mír 17.

modhanna sin a bheith níos fabhraí do shealbhóirí cirt. Le Treoir 2004/48/CE leagtar síos íoschaighdeán um fhorfheidhmiú ceart Maoine Intleachtúla agus ní chuireann sé cosc ar na Ballstáit bearta a leagan síos atá níos cosantaí, ar choinníoll go bhfuil siad i gcomhréir le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, maidir leis an bhfíoras nach gceanglaítear le Treoir 2004/48/CE ar Bhallstáit foráil a dhéanamh maidir le damáistí ‘pionósacha’ níor cheart go gcuirfí cosc ar bheart den sórt sin a thabhairt isteach ar leibhéal náisiúnta.

- (27) Ceadáíonn Rialachán (AE) Uimh. 608/2013, i dteannta leis na rialacha ginearálta arna mbunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, (a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu faoi láthair, d’údarás chustaim earraí a choinneáil nó a urghabháil a bhfuil amhras fúthu go bhfuil sárú ar chearta Maoine Intleachtúla á dhéanamh acu. Ceadáítear le Treoir 2004/48/CE earraí a urghabháil ag údarás inniúla eile mar bheart chun fianaise a chaomhnú agus féadfaidh an chúirt a ordú go scriosfar na hearraí sin de thoradh cinnidh ar thuilleanas in cháis. Maidir le hearraí arna gcoinneáil ag na húdaráis chustaim, mura n-aontaíonn sealbhóir na n-earraí leis an scrios agus má thionscnaíonn an sealbhóir cirt imeacht cúirte, leanfar ar aghaidh ag stóráil na n-earraí le linn na n-imeachtaí iomlána. Le linn an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, chomhroinn sealbhóirí cirt ábhair inní faoi na costais a bhaineann le stóráil agus scrios earraí arna n-urghabháil nó arna gcoinneáil ag údarás chustaim agus ag údarás inniúla eile. Níl na costais sin teoranta do stóráil agus scrios ach áirítear leo freisin costais ghaolmhara eile amhail costais láimhseála, fíoraíthe, agus iompair. I gcásanna áirithe, measann na sealbhóirí cirt go bhfuil na costais sin ró-ard agus dá bhrí sin féadfaidh na sealbhóirí cirt a chinneadh gan a gcuid ceart Maoine Intleachtúla a fhorfheidhmiú <sup>(27)</sup>.
- (28) Baineann gné thábhachtach den scrios ar earraí a sháraíonn maoin intleachtúil le costais comhshaoil an scriosta sin. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí stóráil agus scrios earraí a sháraíonn maoin intleachtúil ar bhealach lena seachnaítear sláinte an duine a chur i mbaol ná díobháil a dhéanamh don chomhshaoil. Tá tús áite i gcónaí ar chlár oibre na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil ag diúscairt earraí a sháraíonn maoin intleachtúil ar bhealach atá sábháilte don chomhshaoil. Ina theannta sin, tá d’fhorbair an Eagraíocht Dhomhanda Custaim treoirlínte maidir le diúscairt éiceabhách earraí a choinnítear agus a sháraíonn maoin intleachtúil. San Aontas, tá athchúrsáil nó diúscairt earraí a sháraíonn maoin intleachtúil ag na húdaráis chustaim faoi réir chinneadh na n-údarás custaim agus chur i gcrích na bhfoirmiúlachtaí custaim gaolmhara. Éilítear comhaontú an tsealbhóra cirt ina leith freisin. Is gá do na páirtithe leasmhara ábhartha a ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go ndéantar diúscairt earraí a sháraíonn maoin intleachtúil ar bhealach atá slán sábháilte don chomhshaoil.
- (29) Is brabúsach an gnó iad gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil, mar gheall ar an luach ard a d’fhéadfadh a bheith bainteach le Maoine Intleachtúla agus mar gheall ar an leibhéal réasúnta íseal riosca ó thaobh dhóchúlacht na braite agus an fhorfheidhmiúcháin. D’fhéadfadh sé sin a fhágáil go ndéanfaí gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil ag eagraíochtaí coiriúla i dteannta le coireanna mar sciúradh airgid, imghabháil cánach, gáinneáil ar dhaoine, agus saothar éignithe.
- (30) Dhearbhaigh an Chúirt i gCás C-655/21 <sup>(28)</sup> i gcás ina mbeidh Ballstáit ag urscaoileadh a gcuid oibleagáidí faoi Chomhaontú TRIPS na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (‘Comhaontú TRIPS’), lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn ó Airteagal 61, ní mór a mheas go gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme leo de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt. Is ann do dhifriochtaí idir na Ballstáit maidir le pionóis choiriúla in Airteagal 61 den Chomhaontú TRIPS as góchumadh toiliúil trádmharc nó pioráideacht cóipchirt ar scála tráchtála. Tá éagsúlacht san Aontas maidir leis an téarma uasta príosúnachta as na foirmeacha is tromchúisí de chionta coiriúla den sórt sin, i.e. iad siúd a dhéantar ag eagraíochtaí coiriúla mar atá sainithe in Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2008/841/CBG <sup>(29)</sup> ón gComhairle. Moltar do Bhallstáit athmheasúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil na pionóis choiriúla as cionta coiriúla den sórt sin ina ndlí náisiúnta, leordhóthanach chun bac a sholáthar, ar aon dul le leibhéal na bpionós a chuirtear i bhfeidhm maidir le coireanna a bhfuil an tromchúis chéanna ag gabháil leo chun forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú agus prionsabal na comhréireachta a urramú, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear Cás C-655/21 á chur san áireamh. Ba cheart iarraidh orthu freisin measúnú a dhéanamh cé acu an gcomhfhreagraíonn na pionóis choiriúla le haghaidh cionta coiriúla den sórt sin go cuí don díobháil a rinneadh, agus comhlíonadh le rialacha infheidhme dhlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta á áirithiú, lena n-áirítear maidir le cosaint chearta bunúsacha gach páirtí lena mbaineann.

<sup>(27)</sup> EUIPO (2023): Stóráil agus scrios earraí góchumtha urghafa san Aontas.

<sup>(28)</sup> Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 19 Deireadh Fómhair 2023, C-655/21 (G. ST. T.), ECLI:EU:C:2023:356.

<sup>(29)</sup> Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe (IO L 300, 11.11.2008, lch. 42, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec\\_framw/2008/841/oj](http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2008/841/oj)).

- (31) Ina theannta sin, níl aonaid speisialaithe um fhorfheidhmiú an dlí nó ionchúiseamh poiblí ag roinnt Ballstát a phléann le cionta coiriúla i ndáil le cearta Maoine Intleachtúla. Cuireann sé sin bac ar chomhar éifeachtach trasteorann maidir le forfheidhmiú agus fágann sé go mbíonn sé deacair d'údaráis inniúla eolas a choinneáil. Féadfaidh úsáid modhanna ceilte imscrúdaithe (e.g. trí thascradh gutháin agus sonraí agus oibríochtaí faoi cheilt), agus comhlíonadh rialacha is infheidhme an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta á áirithiú, lena n-áirítear maidir le cosaint chearta bunúsacha gach páirtí a ndéantar difear dóibh, imscrúduithe teorann in aghaidh cionta coiriúla a dhéanann eagraíochtaí coiriúla a dhéanamh níos éifeachtaí. Ar an gcuma chéanna, tá imscrúduithe airgeadais, lena n-áirítear imscrúduithe ar chleachtais fógraíochta ar líne agus úsáid an chriptea-airgeadra <sup>(30)</sup>, agus speisialtóireacht leordhóthanach na n-aonad imscrúdúcháin inniúil agus na n-imscrúdaitheoirí, thar a bheith tábhachtach. Ina theannta sin d'fhágfadh speisialtóireacht na n-aonad imscrúdúcháin ábhartha i mBallstáit go mbeadh sé níos éasca fócasghrúpaí póilíní, custaim, agus ionchúisitheoirí a bhunú i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí ('Europol'), leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ('OLAF'), agus Eurojust. Dá bhrí sin, ba cheart úsáid aonad speisialaithe ag a bhfuil na hacmhainní iomchuí a mholadh go láidir, agus comhlíonadh le rialacha infheidhme dhlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta á áirithiú, lena n-áirítear maidir le cosaint chearta bunúsacha na bpáirtithe go léir a ndéantar difear dóibh.
- (32) Féadann teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá ag forbairt go tapa dúshláin a chruthú agus deiseanna a chur ar fáil chun cearta Maoine Intleachtúla a fhorfheidhmiú. Féadfar córais IS amháil córais uathobrithe um aitheantas ábhair agus algartaim measínfhoghlama a úsáid chun earraí góchumtha nó earraí bradacha nó chun patrúin i ndáil le cur chun cinn nó scaipeadh táirgí den sórt sin a shainaithint agus d'fhéadfadh siad bheith ina bpríomhteicneolaíochtaí sa chomhrac in aghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil. Moltar d'oibreoírí eacnamaíocha a bheith san airdeall agus córais IS á n-úsáid agus gan faisnéis rúnda neamhnochna, saineolas ná rúin trádála a sholáthar mar ionchur don chóras, toisc go bhféadfadh sé sin bac a chur orthu cosaint Maoine Intleachtúla a fháil ar fhaisnéis den sórt sin ag céim níos déanaí. D'fhéadfadh sé a bheith deacair déileáil leis na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le IS, go háirithe le haghaidh FBManna. Dá bhrí sin spreagtar na Ballstáit agus páirtithe leasmhara tionscail chun páirt a ghlacadh i bhforbairt seicliosta chuimsithigh a d'fhéadfadh léargais luachmhara, treoir, agus straitéisí praiticiúla a thabhairt do FBManna, Maoine Intleachtúla a chosaint, nuálaíocht a chur chun cinn, agus glacadh freagrach teicneolaíochtaí IS i dtimpeallacht ghnó an Aontais á áirithiú.
- (33) Tá an margadh le haghaidh teicneolaíochtaí frith-ghóchumtha agus frith-phioráideachta casta agus é ag forbairt go tapa. D'fhéadfadh dúshláin a bheith roimh shealbhóirí cirt maidir lena mbealach a dhéanamh tríd an margadh sin agus réitigh theicniúla nó soláthraithe teicneolaíochta iomchuí a fháil. Mar sin féin, féadann acmhainní mar Threoir EUIPO maidir le Teicneolaíocht Fhrith-Ghóchumtha agus Frith-Phioráideachta tacú le sealbhóirí cirt atá toilteanach teicneolaíochtaí frith-ghochumtha a úsáid. Tá teicneolaíocht mórleabhar dáilte (lena n-áirítear teicneolaíochtaí bunaithe ar bhlocshlabhraí ach gan a bheith teoranta dóibh) an-oiriúnach chun inrianaitheacht agus trédharcacht an tslabhra soláthair a mhéadú, i gcomhréir leis an bpas táirge digiteach <sup>(31)</sup>, rud atá in ann cabhrú le gníomhaíochtaí a sháraíonn maoin intleachtúil a shainaithint agus a stopadh. Ní féidir taifid téacscomharthaithe ar chonair slabhra soláthair earra atá taifeadta ar bhlocshlabhra a athrú agus tá siad trédharcach agus déantar taifeadadh leo ar idirbhearta agus gluaiseachtaí uile an táirge, agus féadtar iad a thabhairt mar fhoirmeacha fianaise i gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta.
- (34) Tá an Bonneagar Eorpach um Sheirbhísí Blocshlabhra ('EBSI') comhdhéanta de líonra poiblí idir piaraí de nóid idirnasctha a ritheann bonneagar seirbhísí bunaithe ar bhlocshlabhraí. Tá an EBSI deartha ar bhealach atriallach, agus é dírithe ar líon beag de chásanna úsáide (feidhmeanna) sonracha, a dhéanfar a leathnú ansin le himeacht ama. Sa deireadh, beidh cuideachtaí agus eagraíochtaí príobháideacha in ann dul leis an EBSI agus é a úsáid mar sheirbhís.
- (35) Clár píolótach é an clár EUIPO um Barántú Táirgí agus Seirbhísí Loighistice Eorpacha ('EBSI-ELSA') le haghaidh córais bunaithe ar bhlocshlabhraí a dhéanfadh na páirtithe leasmhara uile agus a gcuid córas a idirnascaidh chun barántúlacht táirge a áirithiú ar fud an tslabhra soláthair iomláin, agus thairis sin sa deireadh. Nuair a nasctar earraí leis an struchtúr blockathon, cruthaítear leathchúpla digiteach, a stóráilann an fhaisnéis lena gcruthaítear a bharántúlacht. Tabharfaidh sé sin na modhanna do na páirtithe leasmhara earra a aistriú in éineacht lena choibhéis fhíoriúil, agus an dara ceann stampáilte le síniú digiteach buan ó úinéir an bhranda. Freisin soláthraíonn an córas an deis faisnéis dhigiteach a roinnt leis na páirtithe lena mbaineann sa tslabhra loighistice, lena n-áirítear idirghabhálaithe agus údaráis inniúla.

<sup>(30)</sup> Airgeadra ar bith atá ann go digiteach nó go fíoriúil agus a úsáideann an chripteagrafaíocht chun idirbhearta a urrú.

<sup>(31)</sup> COM(2022) 140 final, 30.3.2022, Teachtaireacht maidir le féachaint leis gur táirgí inbhuanaithe an gnás.



- (36) Sa Teachtaireacht *dheireanach ar Web 4.0 agus dhomhain fhíorúla* <sup>(32)</sup> leagtar amach straitéis an Aontais ar Web 4.0, aistriú teicneolaíochta ceannródaíoch i dtreo domhan ina bhfuil gach rud idirnasctha gan uaim. De réir mar a théann forbairt domhain fhíorúil ar aghaidh, tá coinne leis go dtiocfaidh dúshláin nua chun cinn i dtéarmaí fhorfheidhmiú chearta Maoine Intleachtúla agus sárathéoirí líomhanta a shainaithint e.g. forfheidhmiú Maoine Intleachtúla i ndáil le comharthaí idir-mhalartacha ('NFT'). Chun déileáil leis na dúshláin sin beidh gá le faireachán breise agus idirphlé le páirtithe leasmhara.
- (37) Sócmhainn dhigiteach í NFT a léiríonn uathúlacht agus barántúlacht earra nó ábhair dhigitigh ar leithligh agus teicneolaíocht bhlocshlabhra á húsáid. Tá aitheantóir cripteagrafach uathúil ag gabháil le gach NFT a dhéanann idirdhealú idir é agus cinn eile, rud a dhéanann tearc agus infhíoraithe é. I measc úsáideanna eile, féadann NFTanna é a chur ar chumas do chruthaitheoirí a saothair (saothair dhigiteacha nó fhisiceacha) a chomharthú agus a dhíol agus cruthúnas á thabhairt do cheannaitheoirí ar uathúlacht an earra agus an cumas na sócmhainní sin a thrádáil nó a thaispeáint in ardáin ar líne ar bhealach slán agus díláraithe. Ní hionann úinéireacht NFT, áfach agus úinéireacht na bunsócmhainne atá ann nó a thagraítear di ann. Cé gur gnách go ndeonaítear le húnéireacht NFT cearta eisiacha ar an NFT féin (agus ceart á sholáthar dá réir chun an léiriú comharthaithe ar an tsócmhainn a aistriú, a dhíol, nó a thaispeáint), ní gá go ndeonaí aon chearta leis i dtaobh na sócmhainne fisicí nó digití tosaigh, toisc gur coincheapa dlíthiúla sainiúla atá iontu siúd fós.
- (38) An 1 Eanáir 2021, sheol an Coimisiún agus EUIPO an Ciste FBM <sup>(33)</sup>, a tháirgeann tacaíocht airgeadais do FBManna a raibh tionchar ag COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine orthu, agus é mar chuspóir cabhrú le FBManna lena gcuid punann Maoine Intleachtúla a bhainistiú. In 2024, chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do FBManna lena gcuid ceart Maoine Intleachtúla a fhorfheidhmiú, déanann an Ciste FBM freisin costas na comhairle tosaigh a aisíoc a thugtar ag saineolaí ar Fhorfheidhmiú Scanadh Maoine Intleachtúla <sup>(34)</sup> arna ainmniú ag oifig náisiúnta Maoine Intleachtúla (an dearbhán um Fhorfheidhmiú Scanadh Maoine Intleachtúla). Áirítear leis an gcomhairle nó an treoir sin gníomhaíochtaí molta chun sárúithe Maoine Intleachtúla atá déanta cheana a réiteach agus chun sárúithe féideartha sa todhchaí a chosc. Ní áirítear leis an dearbhán um Fhorfheidhmiú Scanadh Maoine Intleachtúla gníomhaíochtaí foirmiúla forfheidhmiúcháin, amhail litreacha 'stop agus scoir' a dhréachtú ná cásanna dlíthíochta a chur i gcomhad. Leis an uirlis bhreise sin, baineann FBManna tairbhe as comhairle nó treoir: (i) i gcás ina bhfaigheann FBM eolas gur sháraigh tríú páirtí a cheart maoine intleachtúla; (ii) i gcás ina bhfuil FBM i mbaol go gcuirfeadh tríú páirtí líomhain ina leith gur sháraigh sé sócmhainní maoine intleachtúla tríú páirtí; nó (iii) i gcás inar gá don FBM bearta coisctheacha a dhéanamh a bhaineann le forfheidhmiú maoine intleachtúla.
- (39) De réir mar a d'éirigh an geilleagar domhanda níos digitithe, tá méadú tagtha ar an riosca i ndáil le fáil, úsáid agus nochtadh neamhdhleathach saineolais agus faisnéise gnó (rúin cheirde) neamhnochtá trí chibirionsaithe. Áirítear ar chibirionsaithe den sórt sin gníomhaíocht gheilleagrach a dhéanamh atá dírithe ar rúin cheirde a fháil, rud a d'fhéadfadh a bheith incháilithe níos deireanaí do chosaint maoine intleachtúla. Tá FBManna níos neamhchosanta ar chibirionsaithe ná cuideachtaí níos mó de bharr a n-easpa feasachta um chibearshláindáil agus de bharr nach bhfuil a mbeara cibearshláindála sách stóinseach. Bíonn cibirionsaithe ina gcúis freisin le dochar eacnamaíoch tromchúiseach d'FBManna agus déanann siad dochar dá n-iomaíochas foriomlán. Mar a fógraíodh i bplean gníomhaíochta Maoine Intleachtúla 2020, tá foireann uirlisí um ardú feasachta á hullmhú ag an gCoimisiún le haghaidh FBManna chun cuidiú leo cibirionsaithe in aghaidh rún ceirde a chosc nó freagairt dóibh.
- (40) Deir formhór saoránach na hEorpa go bhfuil tuiscint mhaith acu ar choincheap ceart Maoine Intleachtúla agus deir tromlach níos mó fiú (93 %) go bhfuil sé tábhachtach cearta Maoine Intleachtúla a chosaint. Tá feasacht fhorleathan ann freisin i measc phobal na hEorpa ar éifeachtaí diúltacha an ghóchumtha, le tromlach mór (timpeall 80 %) de mhuintir na hEorpa den tuairim maidir le gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil: (i) go dtacaíonn siad le hiompar neamheiticíúil agus eagraíochtaí coiriúla; (ii) go bhfuil tionchar acu ar ghnólaichtaí agus go mbagraíonn siad poist; agus (iii) go mbagraíonn siad sláinte, sábháilteacht, agus an comhshaol. D'ainneoin an mhéid sin, cheannaigh os cionn ceathrú d'ógánaigh na hEorpa (15 go 24 bliana d'aois) d'aon ghnó táirge góchumtha amháin ar a laghad ar líne <sup>(35)</sup>, a léiríonn an gá le gníomhaíochtaí spriocdhírthe chun an treocht seo a athrú anuas agus chun bailiú fianaise agus feasachta maidir leis na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a mhéadú níos mó i gcás ina mbíonn táirgí góchumtha á gceannach. Sa chomhthéacs sin, tá líonra saineolaithe bunaithe ag EUIPO ó aireachtaí oideachais na mBallstát agus ionadaithe ó oifigí Maoine Intleachtúla náisiúnta, agus é mar aidhm leo na cinnteoirí ábhartha a thabhairt le chéile agus cur chuige coiteann i leith Maoine Intleachtúil san oideachas a cheapadh. Ar cheann de na torthaí is feiceálaí den líonra seo tá tionscadal 'Ideas Powered @ School' [Smaointe Cumhachtaithe @ an Scoil], ina dtáirgtear agus ina mbailítear ábhair oideachais agus oiliúna maidir le Maoine Intleachtúil.

<sup>(32)</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Iúil 2023 ar Thionscnamh Aontais ar Web 4.0 agus ar dhomhain fhíorúla: tús tosaigh sa chéad aistriú teicneolaíochta eile COM(2023) 442.

<sup>(33)</sup> Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 1119 ón gCoimisiún – Feabhas a chur ar iomaíochas na bhfiontar, go háirithe FBManna, agus tacú lena rochtain ar mhargáil.

<sup>(34)</sup> Saineolaithe iad saineolaithe forfheidhmithe scanta maoine intleachtúla arna gceapadh ag oifigí maoine intleachtúla na mBallstát chun comhairle tosaigh a sholáthar do FBManna maidir le conas cearta maoine intleachtúla a fhorghníomhú i gcás sárú maoine intleachtúla nó conas sárú ar chearta maoine intleachtúla daoine eile a sheachaint.

<sup>(35)</sup> EUIPO: Saoránaigh na hEorpa agus maoine intleachtúil: Braistint, feasacht, agus iompraíocht (2023).

- (41) Ionas go mbeidh údaráis inniúla, amhail údaráis chustaim, póilíní, agus seirbhísí ionchúisimh phoiblí, éifeachtúil agus éifeachtach ina n-oibríochtaí, is gá go mbeadh an t-eolas domhain acu maidir le cosaint agus forfheidhmiú Maoine Intleachtúla, agus bheith cothrom le dáta i gcónaí leis na treochotha agus na forbairtí teicneolaíochta is déanaí sa réimse sin. Chuige sin, tá Lárionad Oiliúna Fíorúil maidir le cearta Maoine Intleachtúla le haghaidh údaráis custaim, seirbhísí póilíneachta, seirbhísí ionchúisimh phoiblí, agus údaráis um fhaireachas margaidh bunaithe ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí ('CEPOL') agus EUIPO cheana féin. Chruthaigh EUIPO agus CEPOL acmhainní agus ábhair oiliúna saincheaptha freisin do na grúpaí sin. Ina theannta sin, agus ar iarraidh ó Bhallstát, féadfar tacaíocht theicniúil a sholáthar d'údaráis náisiúnta inniúla, de réir Rialacháin (AE) 2021/240.
- (42) Tá méadú tagtha le blianta beaga anuas ar thrádáil i dtáirgí cógaisíochta góchumtha san Aontas <sup>(36)</sup>, agus leigheasra ar an seachtú catagóir is mó a urghabhadh ag teorainn sheachtrach an Aontais in 2020. Déantar fógraíocht go forleathan agus táirgtear le díol ar líne táirgí cógaisíochta góchumtha freisin. Go minic, bíonn comhábhair thocsaineacha iontu, comhábhair de dhroch-cháilíocht, nó comhábhair leis an dáileog mhícheart agus dá réir sin meastar gur leigheasra bréige iad faoi Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(37)</sup>. Is gá cúnamh a thabhairt do thomhaltóirí chun suíomhanna gréasáin a shainaithe ar a ndíoltar táirgí cógaisíochta góchumtha ar líne. D'ainneoin go leagtar síos i dTreoir 2001/83/CE ó 2011 lógó coiteann a cheadaíonn do thomhaltóirí cógaslanna dleathacha ar líne a shainaithe, tá feacht tomhaltóra fós an-íseal sa réimse sin.
- (43) Tá sé mar aidhm le tuarascáil an Choimisiúin maidir le cosaint agus forfheidhmiú ceart Maoine Intleachtúla i dtríú tíortha <sup>(38)</sup> sealbhóirí cirt a chur ar an eolas, FBManna go háirithe, maidir leis na rioscaí féideartha lena gcearta Maoine Intleachtúla nuair atá gníomhaíochtaí gnó ar siúl acu i dtíortha áirithe nach Ballstáit den Aontas iad. Dá réir sin, féachtar leo iad a cheadú chun straitéisí agus oibríochtaí gnó a dheardh chun luach a sócmhainní doláimhsithe amhail Maoine Intleachtúla a chosaint. Bhunaigh an Coimisiún Deasca Cabhrach FBM CMI sa tSín, i Meiriceá Laidineach, san Áise Thoir Theas, san India, agus san Afraic chun tacú le cuideachtaí de chuid an Aontais a fhéachann chun a gcearta Maoine Intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú sna réigiúin sin. Cuidíonn na seirbhísí sin le hoibreoirí eacnamaíocha an Aontais eolas a chur ar an timpeallacht dhlíthiúil sula dtosaíonn siad ar ghníomhaíocht ghnó sna réigiúin sin.
- (44) Tá samplaí i Liosta Faire ar Ghóchumadh agus ar Phíoráideacht tráthrialta an Choimisiúin de mhargaí nó soláthraithe seirbhíse tuairiscithe a bhfuil a n-oibreoirí nó a n-úinéirí lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach, atá páirteach i ngóchumadh agus i bpíoráideacht, a éascaíonn nó a thairbhíonn díobh. Is é is aidhm den liosta faire sin oibreoirí agus úinéirí, chomh maith le húdaráis inniúla náisiúnta agus rialtais, a spreagadh chun na gníomhaíochtaí agus na bearta is gá a ghlacadh chun infhaighteacht earraí nó seirbhísí a sháraíonn Maoine Intleachtúil ar na margáí sin a laghdú. Féachtar sa liosta faire freisin feacht tomhaltóirí a mhúscailt faoi rioscaí comhshaoil, sábháilteacht táirgí agus aon riosca eile a bhaineann le ceannach ó mhargaí a d'fhéadfadh fadhb a bheith leo. Ullmhaítear an Liosta Faire i gcomhar le Europol agus EUIPO, a rannchuidíonn a saineolas, go háirithe ar ardáin mheáin shóisialta agus ar líne, le tuilleadh anailíse níos doimhne a chruthú maidir le treochotha agus dúshláin i ndáil le píoráideacht agus góchumadh ar sheirbhísí ar líne tríú tír agus na bearta a rinneadh.
- (45) D'fhéadfadh an fás sa líon criosanna saorthrádála (FTZanna) lasmuigh den Aontas Eorpach díolacháin earraí a líomhaítear a bheith góchumtha agus bradach, mar gheall gur fíor an méid a leanas faoi FTZanna: (i) soláthraíonn siad díolúintí ó dhleacht agus cánacha; (ii) tá nósanna imeachta riaracháin níos simplí acu; agus (iii) cheadaíonn siad allmhairiú saor ó dhleacht amhábhair, innealra, páirteanna agus trealaimh. D'fhéadfadh roinnt oibreoirí eacnamaíocha leas a bhaint as an bhformhaoirseacht a mbraitear nach bhfuil sí leordhóthanach, seiceálacha eamhdhóthanacha, agus easpa trédhearcachta in FTZanna chun gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil a dhéanamh. Chun an cás a fheabhsú, ghlac an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) in 2019 lena *Mholadh maidir le Comhrac na Trádála Neamhdhleatháil: Feabhas a chur ar an Trédhearcacht i gCriosanna Saorthrádála*. Áirítear sa Mholadh Iarscríbhinn maidir le Cód Iompair um Chriosanna Saorthrádála Glana ina bhfuil moltaí d'oibreoirí FTZanna maidir le conas infhaighteacht earraí aindleathacha ina FTZanna a laghdú. Formhuiníodh

<sup>(36)</sup> Staidéar EUIPO-OECD maidir le Trádáil i dtáirgí cógaisíochta góchumtha.

<sup>(37)</sup> Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2001/83/oj>).

<sup>(38)</sup> SWD(2023) 153 final: Tuarascáil maidir le cosaint agus forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla i dtríú tíortha.

Moladh OECD i gCinneadh ón gComhairle ina dhiaidh sin <sup>(39)</sup>. Tá sé ar mhaithe le leas sealbhóirí cirt agus tomhaltóirí san Aontas go ndéanfadh oibreoírí FTZanna san Aontas an méid a leanas: (i) go gcloífidh siad leis an gCód Iompair um Chriosanna Saorthrádála Glana; (ii) go gcuirfidh siad feabhas ar thrédhearcacht a FTZanna; agus dá réir sin (iii) go gcabhróidh siad chun laghdú a dhéanamh ar infhaighteacht earraí a bhfuil amhras ann gur sháraigh siad maoin intleachtúil ina gcriosanna saorthrádála.

- (46) Tá sé fíor-riachtanach go roinneann Ballstáit agus páirtithe leasmhara faisnéis ábhartha maidir leis an mbeart leantach a thugtar don Mholadh seo agus a chur chun feidhme. Ba cheart do EUIPO, a bhfuil ról lárnach aige in iarrachtaí an Aontais góchumadh a chomhrac agus cur chun feidhme ceart maoin intleachtúla a fheabhsú, tacú le scaipeadh, cur chun feidhme, agus faireachán an Mholta seo. Lena raon leathan saineolais agus líonra ionadaithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, ba cheart EUIPO a spreagadh chun faisnéis a bhailiú, faireachán a dhéanamh ar dhea-chleachtais, agus idirchaidreamh a dhéanamh lena líonra chun comhar forfheidhmithe trasteorann a mhéadú idir na páirtithe leasmhara ábhartha uile. Ó tharla go soláthraíonn RMD réiteach ar dhíospóidí maoin intleachtúla atá simplí, tapa, agus é sin ar chostas íseal lasmuigh den chúirt, is gá a úsáid a leathnú agus a chur chun cinn. D'fhéadfadh Lárionad EUIPO tabhairt faoi thascanna den sórt sin go héifeachtach.
- (47) Lena áirithiú go n-urramaítear an ceart bunúsach chun daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta, chomh maith le saorghluaiseacht sonraí pearsanta, ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs aon bheart a dhéantar chun feidhm a thabhairt don Mholadh seo a bheith iomlán comhlíontach leis na rialacha maidir le cosaint sonraí. Go háirithe, ba cheart é a bheith iomlán comhlíontach le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(40)</sup> agus le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(41)</sup> agus ba cheart do na húdaráis inniúla maoirseachta faireachán a dhéanamh air.
- (48) Leis an Moladh seo, seastar leis na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear sa Chairt. Go háirithe, féachann an Moladh seo lena áirithiú go gcomhlíontar Airteagail 8, 11, 16, 17, 47 agus 49 den Chairt.
- (49) De bhrí na comhlántachta idir an Moladh seo, Moladh (AE) 2022/2065 agus Moladh (AE) 2023/1018, ba cheart measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí an Mholta seo, agus aird chúil á tabhairt ar thorthaí EUIPO, tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis tar éis ghlacadh an Mholta seo.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL 1

### FORÁLACHA GINEARÁLTA

#### CUSPÓIR

- (1) Moltar do na Ballstáit sa Mholadh seo, lena n-áirítear údaráis náisiúnta inniúla, sealbhóirí cirt, agus oibreoírí eacnamaíocha eile, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí idirghabhálaí, chun bearta éifeachtacha, iomchuí, agus comhréireacha a dhéanamh chun gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a chomhrac i dtimpeallachtaí ar líne agus as líne araon i gcomhréir leis an Moladh seo. I gcás ina bhfuil aon mholadh faoin Rialachán seo á chur chun feidhme, ba cheart do Bhallstáit a áirithiú go gcomhlíontar na cearta agus oibleagáidí faoi dhlí an Aontais, go háirithe Airteagal 52 den Chairt.

<sup>(39)</sup> COM(2019) 294 final.

<sup>(40)</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

<sup>(41)</sup> Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/680/oj>).

- (2) Meabhraítear sa Mholadh seo oibleagáidí Ballstát, sealbhóirí cirt, soláthraithe seirbhísí idirghabhálaí, agus faighteoirí na seirbhísí sin faoi dhlí an Aontais, go háirithe Treoracha 98/44/CE <sup>(42)</sup>, 98/71/CE <sup>(43)</sup>, 2000/31/CE <sup>(44)</sup>, 2001/29, 2002/58/CE <sup>(45)</sup>, 2004/48/CE, (AE) 2015/2436 <sup>(46)</sup>, agus 2019/790 <sup>(47)</sup>, Rialacháin (AE) 1610/96/CE <sup>(48)</sup>, (AE) 469/2009/CE <sup>(49)</sup>, (AE) Uimh. 608/2013, (AE) 2017/1001 <sup>(50)</sup>, agus (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (3) Ní mholtar aon ghníomhaíocht faoi raon feidhme na bhforálacha ceangailteacha sa Mholadh seo, ná ní fhéachtar ann na forálacha ceangailteacha sin a léirmhíniú. I gcás inar léir go bhfuil coinbhleacht nó forluí idir moladh agus aon fhoráil cheangailteach de dhlí an Aontais, bíonn feidhm ag an bhforáil cheangailteach de dhlí an Aontais.
- (4) Níl feidhm ag an Moladh seo maidir le haon trádáil dhlísteanaigh lena n-áirítear:
- (a) i gcás ina bhfuil na cearta ábhartha ídithe laistigh de bhrí Airteagal 15 de Threoir (AE) 2015/2436, Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2017/1001, Airteagal 15 de Threoir 98/71/CE, Airteagal 21 de Rialachán (AE) 6/2002/CE, agus de bhrí Threoir 2001/29/CE, Threoir (AE) 2019/790 agus Threoir 2004/48/CE;
- (b) aon úsáid dhlísteanaigh ábhair, amhail úsáid ábhair faoi chosaint cóipchirt faoi theorainneacha agus eisceachtaí.

## SAINMHÍNITHE

- (5) Chun críocha an Mholta sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
- (a) Ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil’ gníomhaíochtaí amhail monaríocht, cur chun cinn, díolachán, nó dáileadh earraí góchumtha, atá faoi réir gníomhaíocht a sháraíonn trádmarc, paitinn, nó tásca geografach, agus earraí nó ábhar bradach, atá faoi réir gníomhaíocht a sháraíonn dearadh nó cóipcheart, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann leis, i gcás ina ndéantar na gníomhaíochtaí sin ar scála tráchtála a bhfuil buntáiste eacnamaíoch nó tráchtála díreach nó indíreach dá dtoradh;
- (b) Ciallaíonn ‘oibreoirí eacnamaíocha’ monaróirí, ionadaithe údaraithe, allmhaireoirí, dáileoírí, soláthraithe seirbhíse comhlíonta nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile, lena n-áirítear sealbhóirí cirt agus soláthraithe seirbhísí idirghabhálaí;

<sup>(42)</sup> Treoir 98/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 1998 maidir le cosaint dlí aireagán bith-theicneolaíoch (IO L 213, 30.7.1998, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1998/44/oj>).

<sup>(43)</sup> Treoir 98/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1998 maidir leis an gcosaint dhlíthiúil dearáí (IO L 289, 28.10.1998, lch. 28, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1998/71/oj>).

<sup>(44)</sup> Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (‘an Treoir maidir le trádáil leictreonach’) (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2000/31/oj>).

<sup>(45)</sup> Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj>).

<sup>(46)</sup> Treoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmarcanna (athmhúnlú) (IO L 336, 23.12.2015, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2436/oj>).

<sup>(47)</sup> Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE (IO L 130, 17.5.2019, lch. 92, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/790/oj>).

<sup>(48)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1610/96 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le deimhniú forlíontach cosanta a chur ar bun le haghaidh táirgí cosanta plandaí (IO L 198, 8.8.1996, lch. 30, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1996/1610/oj>).

<sup>(49)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 469/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta le haghaidh táirgí íocshláinte (IO L 152, 16.6.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/469/oj>).

<sup>(50)</sup> Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmarc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO L 154, 16.6.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1001/oj>).

- (c) Ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí idirghabhálaí’ oibreoir eacnamaíoch a sholáthraíonn seirbhís is féidir le duine amháin nó níos mó a úsáid chun críche gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil agus nach bhfuil gaolmhaireacht shonrach aici, mar shampla trí nasc conarthach, leis na daoine eile sin a d’fhéadfaí a áireamh inti, i gcás inarb iomchuí, seirbhísí arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse iompair agus lóistíochta, soláthraithe seirbhíse íocaíochta, soláthraithe mheán sóisialta, agus soláthraithe ainmneacha fearainn <sup>(51)</sup>;
- (d) Ciallaíonn ‘soláthraithe meán sóisialta’ soláthraí seirbhísí idirghabhálaí a cheadaíonn d’úsáideoirí ábhar, faisnéis nó cumarsáid ar líne a chruthú, a roinnt, nó idirghníomhú leo;
- (e) Ciallaíonn ‘soláthraithe seirbhíse iompair agus lóistíochta’ idirghabhálaí a eagraíonn agus/nó a dhéanann earraí a iompar ó phointe tionscnaimh, e.g. seoltóir, chuig pointe cinn scríbe, e.g. coinsíní, trí bhíthin loinge, báirsí, ar an mbóthar, iarnród nó aeriompar nó modh eile iompair;
- (f) Ciallaíonn ‘údarais inniúla’ údarais phoiblí ag a bhfuil inniúlachtaí a bhaineann le himscrúdú agus/nó forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla ar leibhéal náisiúnta agus an Aontais.

## CAIBIDIL 2

### COMHAR, COMHORDÚ AGUS COMHROINNT FAISNÉISE A CHOThÚ CHUN NUÁLAÍOCHT AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ A CHOSAINT

#### *Comhar a chothú trí ionstraimí deonacha*

- (6) Moltar do shealbhóirí cirt agus soláthraithe seirbhísí idirghabhálaí:
  - (a) le bheith rannpháirteach in ionstraimí comhair deonacha an Aontais nó náisiúnta amhail an Meabhrán Tuisceana maidir le góchumadh agus an Meabhrán Tuisceana maidir le fógraíocht;
  - (b) le bheith rannpháirteach i bpróiseas nuachóirithe na Meabhrán Tuisceana maidir le góchumadh agus an Meabhrán Tuisceana maidir le fógraíocht agus cloí leis na Meabhráin Tuisceana nuachóirithe nuair a bhunaítear iad.
- (7) Moltar do na Ballstáit rannpháirtíocht oibreoirí eacnamaíocha a chur chun cinn, amhail soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí, lena n-áirítear margaí ríomhthráchtála, soláthraithe seirbhíse iompair agus lóistíochta, soláthraithe seirbhíse íocaíochta, soláthraithe mheán sóisialta, soláthraithe seirbhíse ainmneacha fearainn agus páirtithe leasmhara sa tionscal fógraíochta ar líne, sna hionstraimí comhair deonacha sin, agus i nuachóiriú an MoU maidir le góchumadh agus an MoU maidir le fógraíocht, lena n-áirítear a gclaochlú féideartha i gcóid iompair de bhun Airteagail 45 agus 46 de Rialachán (AE) 2022/2065.

#### *Ról sínitheoirí MoU maidir le góchumadh mar ‘comharthóirí iontaoifa’ a threisiú*

- (8) Maidir leis na sealbhóirí cirt agus a gcuid ionadaithe ar sínitheoirí an Mheabhráin Tuisceana maidir le góchumadh iad, moltar dóibh iarratas a dhéanamh ar stádas comharthóirí iontaoifa chun tairbhe a bhaint as an lámhseáil shonrach i Rialachán (AE) 2022/2065 a mhéid a bhaineann le fógraí arna gcur isteach ag comharthóirí iontaoifa a mhéid a chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2022/2065.

#### *Soláthraithe seirbhíse iompair agus lóistíochta: Mí-úsáid a seirbhísí le haghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a chosc*

- (9) Chun mí-úsáid a seirbhísí le haghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a chosc – maidir le hearraí atá ag teacht isteach san Aontas nó i ndáil le trádáil laistigh den Aontas – moltar do sholáthraithe seirbhíse iompair agus lóistíochta a bhfuil gaol conarthach díreach acu leis an seoltóir nó an coinsíní chun na dea-chleachtais a leanas a chur chun feidhme i gcomhlíontacht fhoriomlán le dlí an Aontais, lena n-áirítear i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil:
  - (a) an méid a leanas a lua go soiléir ina dtéarmaí agus coinníollacha:
    - (1) cé hiad na himthosca i gcomhlíontacht leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme faoina bhfuil an ceart acu lastas a oscailt agus a iniúchadh chun measúnú a dhéanamh maidir lena bhfuil earraí a sháraíonn Maoin Intleachtúil sa lastas;

<sup>(51)</sup> Féach breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 27 Márta 2014, *UPC Telekabel*, C-314/12, ECLI:EU:C:2014:192, míreanna 32 agus 35 de bhreithiúnas na Cúirte (An Tríú Dlísheomra) an 24 Samhain 2011 agus breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Iúil 2016, *Tommy Hilfiger Licensing agus Daoine Eile*, C-494/15, EU:C:2016:528, mír 23.

- (2) an nós imeachta chun an coinsíní nó úinéir na n-earraí a chur ar an eolas maidir le toradh an mheasúnaithe sin sna himthosca uile gan beann ar má aimsítear fianaise ar earraí a sháraíonn Maoin Intleachtúil;
  - (3) an modh sásaimh agus cúitimh atá ar fáil don choinsíní nó d'úinéir an lastais i gcás ina n-osclaítear lastais agus nach bhfuil aon fhianaise d'earraí a sháraíonn Maoin Intleachtúil.
- (b) córas a bheith i bhfeidhm chun sonraí a bhaineann le lastas a fhíorú, agus é mar aidhm sonraí réamhtheachtacha iontaofa a sheoladh chuig na húdaráis chustaim arna n-iarraidh sin dóibh, ag rannchuidiú le measúnú riosca custaim éifeachtach in aghaidh gníomhaíochtaí Maoine Intleachtúla. D'áireofaí le fíorú den sórt sin, a mhéid is indéanta, na gnéithe a leanas:
- (1) na sonraí cuideachta a soláthraíodh a sheiceáil, a mhéid is atá siad ar fáil go poiblí agus saor in aisce;
  - (2) faisnéis seoltóra agus coinsíní a sheiceáil in aghaidh na sonraí atá ar fáil go poiblí agus saor in aisce agus a thacaíonn le hearraí aindleathacha agus sárúithe féideartha Maoine Intleachtúla a bhrath.

*Soláthraithe seirbhísí íocaíochta: Mí-úsáid a seirbhíse le haghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a chosc*

- (10) Chun mí-úsáid a seirbhísí le haghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a chosc, moltar do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta na dea-chleachtais a leanas a chur chun feidhme:
  - (a) a lua go soiléir ina dtéarmaí agus coinníollacha, mar fhoras chun a gconradh le díoltóirí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, aon toradh, lena n-áirítear ag an údarás inniúil, úsáid a seirbhísí íocaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil;
  - (b) chun sásraí fógartha a bhunú ag ceadú do shealbhóirí cirt ag úsáid a seirbhísí íocaíochta chun aon ghníomhaíocht a sháraíonn Maoin Intleachtúil a fhógairt;
  - (c) i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, córas faisnéise a bheith i bhfeidhm chun sainnithint oibreoirí atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí Maoine Intleachtúla a shainnithint, feadh seirbhísí íocaíochta difriúla, i gcás inar chuir soláthraí seirbhíse íocaíochta amháin deireadh lena sheirbhísí le hoibreoirí den sórt sin ar fhorais ghníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil;
  - (d) faisnéis a mhalartú le soláthraithe seirbhíse íocaíochta eile maidir le treochothaí a bhaineann le gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil agus chun bearta sonracha a chur i bhfeidhm in aghaidh mhí-úsáid arís agus arís eile a seirbhísí, go háirithe i gcás ina raibh cinneadh ó údarás inniúil gur úsáideadh a seirbhísí le haghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil.
- (11) Ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanamh i gcomhlíontacht iomlán le dlí an Aontais. Níor cheart go mbeadh aon cheanglas de chuid na soláthraithe seirbhíse íocaíochta chun córas a shuiteáil chun aon nó gach íocaíochta a théann trína seirbhísí dá gcustaiméirí uile de thoradh an Rialacháin seo.

*Soláthraithe meán sóisialta: Mí-úsáid a seirbhísí le haghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a chosc*

- (12) Chun mí-úsáid a seirbhísí le haghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a chosc, moltar do sholáthraithe meán sóisialta na dea-chleachtais a leanas a chur chun feidhme:
  - (a) tacú le sealbhóirí cirt, go háirithe sealbhóirí trádmhairc, agus údaráis inniúla, chun úsáid neamhdhleathach a dtrádmhairc in ainmneacha cuntais meán sóisialta a chomhrac, go háirithe i gcumarsáidí príobháideacha nó grúpaí dúnta, lena n-áirítear trí chuntais fhíoraithe a thabhairt do shealbhóirí trádmhairc;
  - (b) córais iomchuí a bheith i bhfeidhm, chun daoine nádúrtha nó dlíthiúla a bhfuil sé líomhnaithe go bhfuil siad ag baint mí-úsáid as a seirbhísí chun gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a shainnithint agus gníomhu orthu;
  - (c) beartais a bheith i bhfeidhm a chuireann riarthóirí grúpaí meán sóisialta ar an eolas faoin riosca a bhaineann le húsáideoirí meán sóisialta i mbun gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil i gcumarsáidí príobháideach nó i ngrúpaí dúnta.

- (13) Ba cheart aon phröseáil sonraí pearsanta a dhéanamh i gcomhlíontacht iomlán le dlí an Aontais. Ní dhéanfaidh an Moladh difear ar aon bhealach d'úsáid dhlísteanach na seirbhíse agus níor cheart bearta a bheith á ndéanamh ag soláthraithe meán sóisialta dá thoradh a dhéanadh difear do shaoirse chun tuairimí a nochtadh agus d'fhaisnéis úsáideoirí a seirbhísí.

*Soláthraithe ainmneacha fearainn: Cosaint ceart Maoine Intleachtúla sa Chóras Ainmneacha Fearainn a áirithiú*

- (14) Moltar do chlárlanna ainmneach Fearainn Bharrleibhéil agus eintitis a sholáthraíonn seirbhísí clárúcháin ainmneacha fearainn san Aontas agus/nó a thairgeann seirbhísí san Aontas na dea-chleachtais a leanas a chur chun feidhme:
- (a) chun foráil a dhéanamh ina dtéarmaí agus coinníollacha go bhféadfaí deireadh a chur le clárú agus/nó tarmligeán an ainm fearainn a chur ar fionraí agus a scriosadh má chinneann an t-údarás inniúil go bhfuil gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil ann i ndáil le hainm fearainn nó a úsáid;
  - (b) chun naisc a chur ar fáil do chlárúitheoirí le linn a phróisis cláraithe chuig na cláir Maoine Intleachtúla inchuadaithe atá ar fáil go poiblí nó ar líne chun clárúitheoirí a chumasú leis an ainm fearainn a sheiceáil i gcomhar coinbhleachtaí féideartha. Chuige sin, moltar do chlárlanna ainmneacha TLD atá bunaithe san Aontas agus/nó a thairgeann seirbhísí san Aontas dul i gcomhar agus oibriú le EUIPO ar bhonn na gcomhaontuithe deonacha chun an fhaisnéis atá ann faoi láthair agus an córas rabhaidh a fheidhmíonn EUIPO agus EURid i láthair na huaire do thrádmhairc an Aontais agus TLD 'eu' a mhacasamhlú do na TLDanna faoina riarachán agus síneadh a chur leo chun go gcumhdófar leo sonraí geografacha cláraithe;
  - (c) chun foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta fíorúcháin do na sonraí cláraithe ainm fearainn, trí, e.g. réitigh aitheantais leictreonacha agus/nó clárlanna atá inrochtana don phobal amhail clárlanna sibhialta agus tráchtála a úsáid chun aitheantas an chlárúitheora i gcomhlíontacht fhoriomlán leis an gceart chun cosaint sonraí a fhíorú;
  - (d) chun bearta deonacha a dhéanamh chun sonraí clárúcháin míchearta maidir le hainmneacha fearainn atá ann cheana a bhrath, agus chun aga ama réasúnach a thabhairt do chlárúitheoirí chun sonraí den sórt sin a cheartú nó a chur i gcrích, agus féadfar fógra a thabhairt maidir le tarmligeán a n-ainm fearainn a bheith ar fionraí.
- (15) I gcás ina lorgáitear rochtain ar shonraí clárúcháin um ainm fearainn ar sonraí pearsanta iad, moltar do chlárlanna ainm-TLD agus eintitis a sholáthraíonn seirbhísí clárúcháin ainmneacha fearainn bunaithe san Aontas agus/nó a thairgeann seirbhísí san Aontas aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a dhéanann iarraidh ar cheart chun faisnéise de bhun Threoir 2004/48/CE a shainaithe mar chuardaitheoirí rochtana dlisteanacha.
- (16) I bhfianaise an athbhreithnithe ar an scéim tásca geografach talmhaíochta agus ar an scéim tásca geografach nua maidir le táirgí ceardaíochta agus tionsclaíoch a bheidh infheidhme go hiomlán ó mhí na Nollag 2025 ar aghaidh <sup>(52)</sup>, moltar do EUIPO an córas faisnéise agus rabhaidh atá ann faoi láthair a shíneadh chun tásca geografacha a chumhdach freisin.
- (17) Ba cheart ceart achomhairc in aghaidh aon fhionraí nó scriosadh an ainm fearainn a chláraigh siad a bheith ag clárúitheoirí.
- (18) Ba cheart aon phröseáil sonraí pearsanta a dhéanamh i gcomhlíontacht iomlán le dlí an Aontais.

*Pointí teagmhála aonair a ainmniú le haghaidh forfheidhmiú Maoine Intleachtúla*

- (19) Moltar d'údarás inniúla, sealbhóirí cirt agus soláthraithe seirbhísí idirghabhálaí chun pointe teagmhála a ainmniú maidir le forfheidhmiú Maoine Intleachtúla agus chun a thabhairt le fios go soiléir ar a suíomh gréasáin agus bealaí ábhartha eile cumarsáide. Moltar dóibh chomh maith IPEP a úsáid chun a bpointe teagmhála ainmnithe maidir le forfheidhmiú Maoine Intleachtúla a roinnt.

<sup>(52)</sup> Rialachán (AE) 2023/2411 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001 agus (AE) 2019/1753 (IO L, 2023/2411, 27.10.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2411/oj>).

*Uirlisí atá ann cheana chun comhar agus roinnt faisnéise a chur chun cinn*

- (20) Moltar do na Ballstáit úsáid uirlisí teicniúla a chur chun cinn chun comhordú, comhroinnt faisnéise, agus cumarsáid idir na sealbhóirí cirt agus údaráis inniúla a éascú:
- (a) trí úsáid IPEP a chothú i ndáil le comhroinnt faisnéise, lena n-áirítear ag sealbhóirí cirt chun Iarratas leictreonach ar Ghníomhaíochtaí (e-AFAnna) a chur isteach trí thairseach trádálaí, ar féidir leis a bheith ina thairseach trádálaí IPEP maidir le COPIS <sup>(53)</sup> nó ceann de na tairseacha náisiúnta arna fhorbairt ag na Ballstáit;
  - (b) trí na húdaráis um fhaireachas margaidh a spreagadh le ICSMS a úsáid agus na húdaráis inniúla uile a spreagadh chun *Safety Gate* an Aontais a úsáid chun aird a tharraingt ar tháirgí a d'fhéadfadh a bheith góchumtha nó bradach agus chun eolas ina leith a chur in iúl;
  - (c) trí na breithiúna náisiúnta a spreagadh le dul i gcomhairle leis an mbailiúchán de phríomhbhreithiúnais forfheidhmithe a bhunaigh EUIPO.
- (21) I gcás nach mbaineann údaráis inniúla ábhartha úsáid leordhóthanach as na huirlisí sin, lena n-áirítear údaráis um fhaireachas margaidh, moltar do na Ballstáit na hacmhainní daonna agus teicniúla is gá a thiomnú chun úsáid na n-uirlisí thuasluaite a mhéadú.
- (22) Moltar do EUIPO tuilleadh comhair a lorg ó chomhpháirtithe breise i malartuithe IPEP, lena n-áirítear idirghabhálaithe amhail soláthraithe seirbhíse íocaíochta.

*Comhroinnt faisnéise éifeachtach a chur chun cinn i measc na ngníomhairí uile sa slabhra luacha*

- (23) Moltar do na Ballstáit faisnéis agus sonraí maidir le treochtaí nua góchumtha agus píoráideachta, urghabhálacha, measúnuithe riosca, liostaí de shuíomhanna gréasáin atá coinnithe ag údaráis inniúla a rinne gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil (suíomhanna gréasáin sáraithe), agus aon dea-chleachtais chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil, mar a thuar dlí an Aontais a chomhroinnt. Ba cheart dóibh na nithe sin a roinnt le comhlachtaí de chuid an Aontais atá ag obair sa réimse amhail OLAF, Europol, EUIPO, agus an Coimisiún, chun an leas is fearr a bhaint as na huirlisí dlíthiúla agus teicniúla atá ar fáil.
- (24) Moltar d'oibreoírí eacnamaíochta faisnéis a chomhroinnt le húdaráis inniúla i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear tionscnamh agus bealaí dáileacháin na ngníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil, chomh maith le hoibrheartaíocht agus iompraíochtaí an lucht déanta sárúithe líomhnaithe. Moltar dóibh freisin bealaí nua a fhiosrú le faisnéis a roinnt ar dhaoine a ghlacann páirt go leanúnach i ngníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil ar líne nó as líne.
- (25) Moltar do na húdaráis inniúla ábhartha aon fhaisnéis straitéiseach nó theicniúil ar an leibhéal náisiúnta nó Aontais a chomhroinnt, go spontáineach nó arna iarraidh sin, a rannchuidíonn lena n-anailís riosca agus faisnéis eile trí uirlisí arna gcur ar fáil dóibh <sup>(54)</sup>.
- (26) Moltar do chomhlachtaí agus údaráis inniúla ábhartha an Aontais anailís a dhéanamh ar an bhféidearthacht a n-anailís riosca agus córais faisnéise eile a chur ar fáil go poiblí agus a bheith idir-inoibritheach chun cuardach cosúlachtaí féideartha le sárúithe Maoine Intleachtúla agus cóireanna Maoine Intleachtúla roimhe seo a chumasú. Chuige sin, moltar do EUIPO tacú le bailiú sonraí, cuardach sonraí, agus 'deaiseanna' sonraí a chruthú agus a úsáid trí obair an Ghrúpa Theicniúil um Fhorfheidhmiú Maoine Intleachtúla agus Malartú Sonraí.

<sup>(53)</sup> Bunachair sonraí de chuid an Aontais is ea an COPIS (an Córas Frith-ghóchumtha agus Frith-phíoráideachta) arna bhunú ag an gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 agus a chumasaíonn údaráis chustaim a n-oibleagáidí dlí a eascraíonn as an Rialachán, trí fheidhmeanna a phróiseáil, a stóráil, agus a bhainistiú le haghaidh taifead gníomhaíochta agus sáraithe ina bhfuil an fhaisnéis ábhartha maidir le hearraí a bhfuil a scaoileadh ar fionraí, nó earraí atá á gcoinneáil.

<sup>(54)</sup> E.g. COPIS mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 608/2013 maidir le bearta teorainn CMI; An Córas Faisnéise Custaim mar a leagtar síos i Rialachán (CE) 515/97 maidir le cúnaimh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfean an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart; An Córas Faisnéise Custaim Plus mar a leagtar síos i gCinneadh Réime 2009/917/CGB ón gComhairle maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críocha custaim; Córas Faisnéise Europol agus an Tairseach Anailísíochta Sonraí mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/794 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), etc.



- (27) Ba cheart leanúint le comhar idir EUIPO agus comhlachtaí gaolmhara um fhorfheidhmiú-AE difriúla, lena n-áirítear Europol, OLAF, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil ('Eurojust'), an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ('Frontex') agus CEPOL, chun tacú leis an gcomhrac in aghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil agus é a chuíchóiriú. Ba cheart do EUIPO rannchuidiú agus tacú le neartú an líonra. Ba cheart comhroinnt faisnéise idir na gníomhairí uile dá ndéanann gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil difear a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear rialacha iomaíochta, agus i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sna treoirlínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair, go sonrach na prionsabail a bhaineann le malartú faisnéise, agus próiseáil sonraí pearsanta, an ceart ar phríobháideacht agus an ceart chun gnó a dhéanamh agus an ceart leigheas éifeachtach a fháil <sup>(55)</sup>.

*Rannpháirtíocht údarás um fhaireachtas margaidh sa chomhrac in aghaidh an ghóchumtha a fheabhsú*

- (28) Moltar do na Ballstáit na scileanna agus na hacmhainní chun faireachtán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil ina n-imscrúduithe a chur ar iontaoibh údaráis um fhaireachtas margaidh.
- (29) Moltar do na Ballstáit comhar agus comhoibriú níos fearr a chur chun cinn idir údaráis um fhaireachtas margaidh agus údaráis eile i gceannas ar fhorfheidhmiú Maoine Intleachtúla, go háirithe trí chomhroinnt faisnéise mhéadaithe agus comhordú méadaithe a éileamh i gcás ina bhfuil bearta á ndéanamh chun gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a chomhrac. Moltar do EUIPO tacú leis an gcomhar sin, trí oiliúintí, lena n-áirítear maidir le huirlisí um chomhroinnt faisnéise, agus comhghníomhaíochtaí chun nithe góchumtha a bhrath, agus tuilleadh fianaise a bhailiú maidir leis na rioscaí sláinte agus sábháilteachta de thoradh táirgí góchumtha.

### CAIBIDIL 3

#### NÓSANNA IMEACHTA FORFHEIDHMITHE MAOINE INTLEACTHÚLA A CHUR CHUN CINN

*Nósanna imeachta um Réiteach Malartach Díospóide a chothú*

- (30) Moltar d'oifigí náisiúnta Maoine Intleachtúla, i gcás ina bhfuil idirghabháil, agus soláthraithe eile um réiteach malartach díospóidí (ADR) seirbhísí idirghabhála a sholáthar do dhíospóidí a bhaineann le Maoin Intleachtúil eile seachas imeachtaí cláráithe agus freasúracha.
- (31) Moltar do chlárlanna ainm TLD bunaithe san Aontas agus/nó a thairgeann seirbhísí san Aontas foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta inar féidir cearta Maoine Intleachtúla a agairt:
- trí na dea-chleachtais idirnáisiúnta sa réimse seo a thabhairt san áireamh agus go háirithe moltaí ábhartha na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil lena áirithiú go seachnaítear a mhéid is féidir clárúcháin amhantracha agus mhí-úsáide;
  - trí rialacha nós imeachta aonfhoirmeacha a chomhlíonadh i gcomhréir leo sin a leagtar amach i mBeartas Aonfhoirmeach ICANN um Réiteach Díospóidí ar Ainmneacha Fearainn.
- (32) Tar éis nós imeachta ADR inar éirigh leis an sealbhóir cirt, agus ar féidir a bhreith go bhfuil sé críochnaitheach nó nach bhfuil aon achomharc ar fáil, moltar don chlárlann chun an t-ainm fearainn a chúlghairm nó a aistriú chuig an bpáirtí ar éirigh leis arna iarraidh sin dóibh.
- (33) Aon nós imeachta ADR, ba cheart é a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta, an ceart chun príobháideachais agus chun gnó a dhéanamh agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil.

*Úsáid urghairí dinimiciúla a chothú*

- (34) Moltar do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht go lorgófaí urghaire in aghaidh sáraitheora nó soláthraí seirbhíse idirghabhálaí ar leith, ar féidir é a leathnú chuig gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoin Intleachtúil nach raibh sainaitheanta go fóill tráth an iarratais ar urghaire, ach a bhaineann le himthosca fíorasacha an-chosúla as ar eascair an sárú líomhnaithe an chirt Maoine Intleachtúla ábhartha.

<sup>(55)</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair (IO C 259, 21.7.2023, lch. 1).

- (35) Tugtar cuireadh d'oibreoírí eacnamaíocha réitigh theicniúla a fhorbairt agus a úsáid níos minice chun sárúithe arís agus arís eile ar an gceart Maoine Intleachtúla céanna ag an duine nádúrtha nó duine dlítheanach céanna agus ar an mbealach céanna, mar shampla trí shuíomhanna gréasáin a scáthánú, trí ghné cheannasach de thrádmharc a úsáid ar líne nó as líne nó stóráil arís agus arís eile earraí góchumtha sa tsaoráid stórála céanna.
- (36) I gcás ina bhfuil rialacha maidir le hurghaire a thabhairt isteach nó a chur i bhfeidhm, moltar do na Ballstáit a thabhairt san áireamh cé na bearta a leagtar amach san urghaire nár cheart go mbeadh ró-ualach ag baint leo do na seolaithe.
- (37) Moltar do na Ballstáit a fhoráil nach rachadh fad na hurghaire níos faide ná an fad is gá chun cosaint éifeachtach sealbhóirí cirt a áirithiú.
- (38) Aon nós imeachta urghaire, ba cheart é a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta, an ceart chun príobháideachais agus chun gnó a dhéanamh agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil.

*An ceart chun faisnéise le haghaidh forfheidhmiú Maoine Intleachtúla a áirithiú*

- (39) Moltar do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht go n-ordódh údaráis inniúla breithiúnacha nochtadh na faisnéise ábhartha chun sárúithe Maoine Intleachtúla nach bhfuil ar scála tráchtála a chomhrac go héifeachtach, mar fhreagairt ar iarraidh a bhfuil bonn cirt leis agus atá comhréireach ón éilitheoir sna himeachtaí. Chun na críocha sin, d'fhéadfadh an fhaisnéis ábhartha a bheith comhdhéanta den fhaisnéis chéanna a d'fhéadfaí a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 2004/48/CE, lena n-áirítear an seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin agus seoltaí Maoine Intleachtúla a bhaineann le sárúitheoirí líomhnaithe nó rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí sárúithe líomhnaithe.
- (40) Moltar do na Ballstáit a áirithiú, maidir le hiarraidh ar fhaisnéis faoi Airteagal 8 de Threoir 2004/48/CE, is leordhóthanach aon fhianaise atá ar fáil go réasúnach a sholáthar don chúirt inniúil a léireodh le leibhéal deimhneacht leordhóthanach gurb é an t-iarraitasóir an sealbhóir cirt.
- (41) Tá comhroinnt faisnéise, ar féidir sonraí pearsanta a áireamh ann, fíorthábhachtach chun comhrac éifeachtúil agus éifeachtach a chumasú in aghaidh gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil. Chun cur ar chumas sealbhóirí cirt nósanna imeachta um forfheidhmiú sibhialta cóir agus cothrom a thionscnamh in aghaidh sárúitheoirí ceart Maoine Intleachtúla, ba cheart oibreoírí eacnamaíocha a spreagadh chun an fhaisnéis agus an fianaise ábhartha a chomhroinnt le sealbhóirí cirt maidir le forfheidhmiú sibhialta. Ina theannta sin, moltar d'oibreoírí eacnamaíocha an méid a leanas a thabhairt san áireamh:
- (a) go bhféadfadh sé gur leas dlisteanach faoi Airteagal 6(1), pointe (f), de Rialachán (AE) 2016/679 é leas an rialaitheora sonraí nó tríú páirtí chun faisnéis phearsanta an duine a rinne damáiste líomhnaithe dá maoin a fháil chun caingean a thabhairt in aghaidh an duine sin le haghaidh damáistí nó aisghabháil éileamh;
- (b) cleachtas cinnteoireachta údarás náisiúnta um chosaint sonraí agus aon treoraíocht ábhartha ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.

*Áirithiú go ndeonaítear damáistí iomchuí*

- (42) Moltar do na Ballstáit a áirithiú, i gcomhthéacs imeachtaí maidir le forfheidhmiú Maoine Intleachtúla, féadfaidh na sealbhóirí cirt damáistí iomchuí a fháil chun iad a chúiteamh as an dochar iarbhrí a tharla, ag úsáid modh chun damáistí a ríomh ina dtugtar aghaidh ar na gnéithe uile den dochar a fulaingíodh, lena n-áirítear:
- (a) damáistí a chumhdaíonn damáiste morálta a d'fhulaing an sealbhóir cirt;
- (b) damáistí a chumhdaíonn costais atá nasctha le taighde a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sárúithe féideartha agus iad a shainiú;
- (c) damáistí a chumhdaíonn íocaíocht úis ar na suimeanna dlite.

(43) Meabhraítear do na Ballstáit, de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais <sup>(6)</sup>, maidir leis an bhfíoras nach gcuireann Treoir 2004/48/CE d'oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le damáistí 'pionósacha', nach féidir an fíoras sin a léirmhíniú mar chosc ar bheart den sórt sin a thabhairt isteach i gcásanna iomchuí. Moltar do na Ballstáit dá bhrí sin breithniú a dhéanamh, i gcomhréir lena dtraidisiúin bhunreachtúla agus dhlíthiúla agus i gcomhréir iomlán leis an gCairt, ar dhamáistí pionósacha a bhronnadh mar leigheas sna cásanna is dochraí de ghníomhaíochtaí a sháraíonn maoin intleachtúil.

*Stóráil agus diúscairt níos tapúla, níos saoire agus níos éiceolaíche earraí a sháraíonn Maoin Intleachtúil*

- (44) Moltar do na Ballstáit agus d'oibreoírí eacnamaíocha tacú leis an gCoimisiún agus le EUIPO sa mhéid a leanas:
- (a) measúnú a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfaí an t-am agus na costais a bhaineann le stóráil agus scriosadh earraí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a choinnítear ag teorainn an Aontais nó a urghabhadh sa mhargadh inmheánach agus a ordáitear lena scriosadh a laghdú;
  - (b) dea-chleachtais maidir le modhanna agus cleachtais stórála agus diúscairt earraí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a ordáitear lena scriosadh chun eolas a fhorbairt, ailíniú le cleachtais náisiúnta agus feacht a mhúscailt ar na gníomhairí ábhartha i gceannas ar earraí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a stóráil agus a dhiúscairt, lena n-áirítear dea-chleachtais maidir le stóráil atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil.
- (45) Moltar do na Ballstáit agus d'oibreoírí eacnamaíocha a áirithiú go n-ullmhaítear earraí a sháraíonn Maoin Intleachtúil a ordáitear lena scriosadh chun iad a athúsáid, a athchúrsáil nó oibríochtaí athshlánaithe agus loiscítear nó diúscaítear iad i líonadh talún mar rogha dheireanach, i gcás ina seachadann réitigh den sórt sin an toradh is fearr ó thaobh an chomhshaoil agus shláinte an duine. I gcásanna den sórt sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar earraí ina bhfuil substaintí nó meascáin atá guaiseach.
- (46) Moltar do na Ballstáit faisnéis a sholáthar don Choimisiún agus do EUIPO maidir leis na costais agus maidir leis na hoibreoírí eacnamaíocha atá ar fáil agus a tháirgeann seirbhísí stórála agus/nó diúscairt atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear i gcás na hathchúrsála.

*Éifeachtacht na bpionós coiriúil agus na n-imscrúduithe a mhéadú*

- (47) Moltar do na Ballstáit athmheasúnú a dhéanamh, agus i gcás inarb iomchuí, ardú a chur, ar an uas-phiánbhreith choimeáda atá ar fáil maidir leis na cineálacha is tromchúisí de ghóchumadh toilteanach agus píoráideacht thoilteanach a dhéanann eagraíochtaí coiriúla ar scála tráchtála.
- (48) Moltar do na Ballstáit a áirithiú gur féidir méid na dtairbhí neamhdhleathacha a ghintear nó a bhfuil coinne leo – agus méid an damáiste a dhéantar – a thabhairt san áireamh i gcás ina bhfuil leibhéal iomchuí an phionóis á chinneadh i gcásanna aonair. Moltar do na Ballstáit a áirithiú gur féidir láimhdeachas grúpa domhanda duine dhlítheanaigh a thabhairt san áireamh i gcás ina bhfuil pionóis airgeadais iomchuí á gcinneadh i gcás aonair.
- (49) Moltar do na Ballstáit athmheasúnú a dhéanamh ar an ngá chun foráil a dhéanamh maidir le modhanna imscrúdúcháin ceilte a chur i bhfeidhm, in imscrúduithe de na cineálacha is tromchúisí de ghóchumadh agus píoráideacht thoilteanach trádmhairc a dhéanann eagraíochtaí coiriúla ar scála tráchtála nó é a cheadú faoi réir comhlíontacht leis na coimircí riachtanacha i ndlí an Aontais nó náisiúnta.
- (50) Moltar do na Ballstáit imscrúduithe a dhéanamh, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, maidir le hiarmhairtí airgeadais na gcionta coiriúla a bhaineann le cearta Maoine Intleachtúla agus chun an straitéis imscrúdúcháin 'lean an t-airgead' a chur i bhfeidhm, pé uair is féidir agus is iomchuí.
- (51) Moltar do na Ballstáit a áirithiú go mbíonn speisialtóireacht iomlán nó pháirteach ag na haonaid atá freagrach as coireacht a bhaineann le cearta Maoine Intleachtúla a imscrúdú agus a ionchúiseamh ina n-údarais inniúla agus seirbhísí ionchúisimh phoiblí.

<sup>(6)</sup> Breithiúnas an 25 Eanáir 2017, C-367/15, *Stowarzyszenie 'Oławska Telewizja Kablowa*, mír 28.

- (52) Moltar do na Ballstáit a áirithiú go mbaineann a gcuid údarás inniúil leas córasach as na gnéithe trasteorann dá gcuid imscrúduithe agus go gcomhordóidh siad lena gcuid contrapháirtithe ábhartha trí chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE iomchuí amhail Eurojust, OLAF, agus Europol.
- (53) Ba cheart aon bhearta a mholtar do na Ballstáit a sholáthar sa Chaibidil seo a bheith i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme i ndlí an Aontais, sa dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear maidir le cearta bunúsacha gach páirtí a ndéanfar difear dó a chosaint.

## CAIBIDIL 4

**CLEACHTAIS MAOINE INTLEACTÚLA A OIRIÚNÚ DON IS AGUS DO DHOMHAIN FHÍORÚLA**

*An leas is fearr is féidir a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun gníomhaíochtaí a sháraíonn Maoine Intleachtúil a chomhrac*

- (54) Spreagtar sealbhóirí cirt agus soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha chun réitigh uile-Aontais a ghlacadh le haghaidh ardchóras rianaithe (amhail an pas táirgí digiteacha agus réitigh chomharthaithe – bunaithe ar bhlocshlabhra nó eile) a chabhróidh le hoibreoirí eacnamaíocha agus le húdaráis chustaim trí phacáistí a rianú tríd an luachshlabhra ach freisin comhroinnt sonraí a éascú i gcomhréir le dlí an Aontais.
- (55) Spreagtar d'oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe soláthraithe seirbhísí idirghabhálaí chomh maith le sealbhóirí cirt, leas a bhaint as ard-mhodheolaíochtaí agus ard-teicneolaíochtaí amhail córais aitheantais ábhair, agus algartaim mheaisínfhoghlama (lena n-áirítear domhainfhoghlaim) chun earraí góchumtha a bhrath ar líne lena n-áirítear earraí a sháraíonn dearadh.
- (56) Moltar do Bhallstáit córais IS a úsáid le góchumadh a chomhrac, bearta forfheidhmiúcháin a fheabhsú, agus na seirbhísí a fheabhsú um iarratasóirí ar chearta Maoine Intleachtúla. Sa chomhthéacs sin moltar do na Ballstáit:
- (a) córais IS a chur chun feidhme chun an próiseas iarratais Maoine Intleachtúla a shimpliú agus a fheabhsú go héifeachtach, agus eispéreas níos réidhe agus níos soláimhsithe a thabhairt d'iarratasóirí;
- (b) údaráis inniúla a spreagadh chun córais IS a úsáid le sruthlíniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar an bpróiseas chun earraí góchumtha agus bradacha agus ábhar góchumtha agus bradach ar líne a shainaitheantas agus a chomhrac.
- (57) Aon úsáid a bhaintear as an teicneolaíocht, ba cheart é a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta, an ceart chun príobháideachais agus chun gnó a dhéanamh agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil.

*Feasacht ar theicneolaíochtaí nua a mhúscailt agus FBManna a chumhachtú chun na teicneolaíochtaí sin a úsáid*

- (58) Moltar do na Ballstáit feasacht a mhúscailt ar na teicneolaíochtaí agus na réitigh atá le húsáid i gcomhthéacs an chomhrac in aghaidh an ghóchumtha agus na píoráideachta, amhail iad siúd atá luaite i dTreoir EUIPO ar Theicneolaíocht Fhrith-Ghóchumtha agus Fhrith-Phíoráideachta. Sa chomhthéacs sin moltar do rialachas EBSI glacadh le frith-ghóchumadh agus le frithphíoráideacht mar chás úsáideoir EBSI nua, rud a d'fhéadfadh spreagadh dóibh siúd a ghlacann leis go luath réitigh nua fhrith-ghóchumtha a cheapadh bunaithe ar theicneolaíochtaí mórleabhar dáilte.
- (59) Moltar do na Ballstáit agus do na páirtithe leasmhara sa tionscal comhoibriú i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún chun seicliosta cuimsitheach a fhorbairt atá curtha in oiriúint do FBManna. Is é is aidhm don seicliosta seo cabhrú le FBManna le plé leis na dúshlán agus na deiseanna a ghabhann le teicneolaíochtaí IS. Díreofar leis an seicliosta ach go háirithe ar FBManna a chumhachtú chun a gcuid cearta Maoine Intleachtúla agus rún ceirde a chosaint go héifeachtach agus córais IS a úsáid acu agus léargais phraiticiúla a chur ar fáil chun cuidiú le FBManna déileáil le clásail chonarhacha, agus tuiscint rímhaith ar impleachtaí IS agus Maoine Intleachtúil a háirithiú.

*Cearta Maoine Intleachtúla i ndomhain fhíorúla agus i dtimpeallachtaí eile ar líne a chosaint agus a urramú*

- (60) Moltar do Bhallstáit feasacht a ardú faoi oibreoirí eacnamaíocha le haghaidh na rialacha Maoine Intleachtúla is infheidhme faoi láthair (e.g. údarú slán ó na sealbhóirí cirt agus ábhar atá cosanta ag Maoine Intleachtúil a thabhairt isteach i ndomhain fhíorúla) agus na himpleachtaí Maoine Intleachtúla a ghabhann le NFTanna a úsáid i ndomhain fhíorúla.

- (61) Moltar do shealbhóirí cirt, d'oifigí Maoine Intleachtúla agus do pháirtithe leasmhara eile tabhairt faoi idirphlé leis an gCoimisiún maidir le cearta Maoine Intleachtúla a chosaint, go háirithe trádmhairc agus dearáí, agus lena n-áirítear NFTanna, i dtimpeallachtaí nua den sórt sin. Chun imscrúdú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua agus a nglacadh a chur chun cinn, spreagfaidh an Coimisiún idirphlé tionscail chun gníomhú mar bhonn braite agus chun dul leis na tionscnaimh leanúnacha iomaí sa réimse sin, ar aon dul le Plean Gníomhaíochta Maoine Intleachtúla 2020.

## CAIBIDIL 5

**UIRLISÍ A SHOLÁTHAR D'FHIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE CHUN A GCUID SÓCMHAINNÍ  
DOLÁIMHSITHE A CHOSAINT NÍOS FEARR**

*Ciste FBM: Seirbhísí tacaíochta FBM ar fhorfheidhmiú Maoine Intleachtúla (dearbhan um fhorfheidhmiú scanadh Maoine Intleachtúla)*

- (62) I gcomhthéacs an Chiste FBM cuirfidh saineolaí ar Fhorfheidhmiú Scanadh Maoine Intleachtúla comhairle tosaigh ar fáil do FBManna:
- (a) Moltar do na Ballstáit páirt a ghlacadh trína gcuid oifigí Maoine Intleachtúla sa tseirbhís um Fhorfheidhmiú Scanadh Maoine Intleachtúla agus feacht a mhúscailt le haghaidh an Chiste FBM agus a dhearbhan forfheidhmithe;
  - (b) Iarrtar ar oibreoirí eacnamaíocha atá ina FBManna leas a bhaint as an tSeirbhís um Fhorfheidhmiú Scanadh Maoine Intleachtúla chun a straitéis forfheidhmithe Maoine Intleachtúla a fheabhsú;
  - (c) Iarrtar ar chomhlachais FBM feacht a ardú maidir leis an gCiste FBM agus a dhearbhan forfheidhmithe i measc a gcuid ballraíochtaí faoi seach.

*Foireann Uirlisí chun an Chibearghadaíocht a chosc*

- (63) Moltar do na Ballstáit agus do EUIPO feacht a mhúscailt faoina gcuid FBManna nuálacha maidir le tábhacht na cibearshlándála i ndáil lena gcuid faisnéise, rúin cheirde agus fios gnó neamhnócha a úsáidtear i ngníomhaíochtaí gnó. Chuige sin, moltar do na Ballstáit agus do EUIPO an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) an fhoireann uirlisí múscailte feachta a chur chun cinn atá á forbairt ag an gCoimisiún chun fáil neamhdhleathach rún ceirde de chuid FBManna trí sháruithe ar chibearshlándáil, haiceáil agus cibearionsaithe eile a chosc;
  - (b) na huirlisí san fhoireann uirlisí (go háirithe na treoracha earnálacha gnó, ceistanna coitianta, cás-staidéir agus dea-chleachtas maidir le cibearshlándáil a chuireann gnólachtaí i bhfeidhm) a scaipeadh agus teagmháil a dhéanamh le comhlachais ghnó chun FBManna a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí agus seimineáir ghréasáin saor in aisce ar líne ar an gcibearshlándáil;
  - (c) na huirlisí múscailte feachta eile a chur chun cinn a chuirtear ar fáil ar an tairseach faisnéise ar chibearshlándáil chun cabhrú le FBManna a Maoine Intleachtúil agus a gcuid rún ceirde a chosaint níos fearr agus chun cabhrú leo a bheith níos éifeachtaí agus cibearionsaithe a gcosaint acu.
- (64) Moltar do na hoibreoirí eacnamaíocha an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) a gcosaint in aghaidh cibearionsaithe a uasghrádú agus úsáid á baint as, i measc nithe eile, uirlisí a sholáthraíonn údarás phoiblí, lena n-áirítear foireann uirlisí an Choimisiúin atá deartha chun cibearionsaithe a bhfuil sé mar aidhm leo seilbh a ghlacadh ar rúin cheirde a chosc nó freagairt dóibh;
  - (b) Oiliúint a chur ar a bpearsanra ar cén chaoi cibearionsaithe a dhíríonn ar a gcuid rún ceirde a chosc, a bhainistiú agus freagairt dóibh trí húsáid a bhaint as na cúrsaí oiliúna saor in aisce agus na hábhair oiliúna agus faisnéise eile atá forbartha ag an gCoimisiún chun na críche sin i gcomhthéacs an Fhoireann Uirlisí chun an Chibearghadaíocht a chosc.

## CAIBIDIL 6

**FEASACHT, OILIÚINT AGUS OIDEACHAS AR MHAOIN INTLEACHTÚIL A CHOTHÚ I MEASC NA BPÁIRTITHE LEASMHARA ÁBHARTHA GO LÉIR**

*Eolas agus oiliúint ar Mhaoin Intleachtúil a chothú sna curaclaim náisiúnta oideachais*

- (65) Moltar do na Ballstáit croí-choincheapa na gceart Maoine Intleachtúla, úsáid eiticíúil ábhar atá cosanta ag Maoin Intleachtúil, agus sárúithe Maoine Intleachtúla, a thabhairt isteach ina gcuid curaclam oideachais náisiúnta agus sa ghairmoiliúint, go háirithe le haghaidh staidéir ghnó sna curaclaim ardoideachais. Moltar dóibh freisin cruthaitheacht, nuálaíocht, fiontraíocht agus rannpháirtíocht dhigiteach fhreagrach a chur chun cinn.
- (66) Moltar do na Ballstáit feasacht ar Mhaoin Intleachtúil a chur chun cinn i dtéacsleabhair oideachasúla agus ábhair oiliúna ar chearta Maoine Intleachtúla a scaipeadh chuig na hinstiúidí oiliúna múinteoirí ábhartha. Chuige sin, moltar do na Ballstáit na hábhair arna gcruithú agus arna mbailiú tríd an tionscadal 'Ideas Powered @ School' [Smaointe Cumhachtaithe @ an Scoil], a bhainistíonn an EUIPO, ar cheart go mbeadh faisnéis ar na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a ghabhann le táirgí góchumtha san áireamh ann freisin, a chur chun cinn ina gcuid instiúidí oideachais, lena n-áirítear ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde eolaíochta.

*Oiliúint ar fhorfheidhmiú Maoine Intleachtúla a mholadh le haghaidh gníomhairí forfheidhmithe dlí*

- (67) Moltar do na Ballstáit ábhar saincheaptha ar chosaint agus forfheidhmiú Maoine Intleachtúla a chur san áireamh a d'ullmhaigh EUIPO agus CEPOL sna réimsí seo a leanas *inter alia*:
- (a) sna curaclaim oiliúna náisiúnta atá deartha d'údaráis inniúla, lena n-áirítear na póilíní, na seirbhísí custaim agus seirbhísí ionchúisimh phoiblí;
- (b) sna curaclaim oiliúna náisiúnta atá deartha um údaráis faireachais mhargaidh agus údaráis teorann agus gardaí cósta.
- (68) Moltar d'údaráis inniúla, lena n-áirítear údaráis faireachais mhargaidh agus údaráis teorann agus gardaí cósta: (i) rannpháirtíocht a bpearsanra i seisiúin oiliúna rialta ar fhorfheidhmiú Maoine Intleachtúla a eagraíonn an EUIPO agus CEPOL a chur chun cinn; agus (ii) na hábhair oiliúna a ullmhaíonn na gníomhaireachtaí AE sin a roinnt lena bhfoireann.

*Cógaslanna ar líne*

- (69) Moltar do na Ballstáit, i gcomhar le heagraíochtaí tomhaltóirí, cabhrú le tomhaltóirí le cógaslanna neamhdhleathacha ar líne a sheachaint trí fheasacht a mhúscailt maidir leis an lógó coiteann a thaispeántar ar shuíomhanna gréasáin a tháirgeann táirgí leighis ar ciandíol leis an bpopal.

*Liosta faire góchumtha agus píoráideachta*

- (70) Mar chuid dá gcuid gníomhaíochtaí frith-ghóchumtha, moltar do na Ballstáit breithniú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa Liosta Faire Góchumtha agus Píoráideachta, agus é á chur san áireamh nach bhfuil torthaí sárúithe dlí sa Liosta Faire.

*Ceartha Maoine Intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú ar mhargaí lasmuigh den Aontas*

- (71) Sula ngabhann siad do ghníomhaíocht ghnó nua i dtír lasmuigh den Aontas, moltar d'oibreoirí eacnamaíochta san Aontas eolas a chur ar thimpeallacht ghnó agus dlí na tíre sin trí fhéachaint ar an bhfaisnéis a chuireann na Deasca Cabhrach CMI ar fáil agus atá foilsithe i dtuarascáil an Choimisiúin ar chosaint agus forfheidhmiú chearta Maoine Intleachtúla i dtírú tíortha. Sa tuarascáil dhébhliantúil sin saináithnítear na tríú tíortha is mó ina bhfuil staid chosaint agus fhorfheidhmiú na gceart Maoine Intleachtúla (ar líne agus as líne araon) don Aontas. Cabhróidh sé sin leis na hoibreoirí eacnamaíochta cinntí gnó a ghlacadh ar bhonn eolasach. Freisin moltar dóibh na huirlisí teicniúla reatha (e.g. EUIPO, TMview agus DesignView) nó saincheisteanna a thuairisciú a bhaineann le Maoin Intleachtúil a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a gcuid gníomhaíochtaí gnó amach anseo lasmuigh den Aontas (e.g. an Tairseach Access2Markets a úsáid) <sup>(57)</sup>.

<sup>(57)</sup> Fáilte leathanach baile | Access2Markets (europa.eu)

*Criosanna saorthrádála*

- (72) Moltar d'oibreoirí criosanna saorthrádála atá suite san Aontas cloí leis an gCód Cleachtais um Chriosanna Saorthrádála Glana atá i gceangal leis an moladh ECFE maidir le Comhrac na Trádála Neamhdhleathaí: Feabhas a chur ar an Trédhearcacht i gCriosanna Saorthrádála.

## CAIBIDIL 7

**OBAIR LEANTACH AGUS FAIREACHÁN**

- (73) Arna iarraidh sin, ba cheart do Bhallstáit tuairisciú don Choimisiún ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na Moltaí atá dírithe ar na Ballstáit.
- (74) Iarrann an Coimisiún ar EUIPO feasacht ar an Moladh sin a mhúscailt agus gníomhaíochtaí cumarsáide agus forrochtana a dhéanamh i ndáil leis. Freisin iarrann sé ar EUIPO tacú leis an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus éifeachtaí an Mholta seo.
- (75) Moltar don Fhaireachlann Eorpach um Shárúithe ar Chearta Maoine Intleachtúla:
- na moltaí a scaipeadh laistigh dá líonra páirtithe leasmhara, lena n-áirítear a líonra breithiúna;
  - faisnéis agus cásdlí ábhartha a bhailiú faoi chur i bhfeidhm Threoir 2004/48/CE;
  - a áirithiú go gcuireann na páirtithe leasmhara go léir laistigh dá líonra a bpointe teagmhála ainmnithe um fhorfheidhmiú Maoine Intleachtúla ar fáil trí IPEP;
  - leanúint ar aghaidh le IPEP a fhorbairt, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí nua, agus feidhmiúlachtaí atá ann cheana a shíneadh go páirtithe leasmhara nua, agus leanúint ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar úsáid IPEP;
  - faireachán a dhéanamh ar dhea-chleachtais arna gcur i bhfeidhm ag údaráis inniúla agus ag seirbhísí idirghabhála agus iad a chomhroinnt agus faireachán a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar chur chun feidhme na ndea-chleachtas atá clúdaithe ag an Moladh seo;
  - tacú leis an gCoimisiún lena idirphlé le páirtithe leasmhara, go háirithe i gcomhthéacs nuachóiriú na MoUnna;
  - tacú leis an gCoimisiún lena idirphlé le páirtithe leasmhara ar na teicneolaíochtaí nua arb é is aidhm leo cleachtais agus straitéisí Maoine Intleachtúla a oiriúnú do dhomhain fhíorúla agus don IS, go háirithe chun taighde, dea-chleachtais agus idirphlé a chur chun cinn idir gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear FBManna, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin i réimse an IS;
  - tacú leis an gCoimisiún chun dea-chleachtais a bhailiú agus a chomhroinnt i ndáil le stóráil agus scríos earraí a sháraíonn Maoine Intleachtúil, lena n-áirítear ar mhodhanna stórála agus diúscartha atá sábháilte don chomhshaoil;
  - tacú le hanailís agus plé ar chórais chomhroinnte faisnéise tríd an nGrúpa Teicniúil ar fhorfheidhmiú Maoine Intleachtúla agus Malartú Sonraí;
  - comhoibriú le comhlachtaí an Aontais i réimse an fhorfheidhmiúcháin, le húdaráis um fhaireachas margaidh, agus le húdaráis náisiúnta inniúla eile agus a gcuid líonraí a neartú;
  - tacú leis an gCoimisiún maidir le treochtaí a bhaineann le góchumadh agus píoráideacht ar ardáin ar líne de chuid tríú tíortha agus ar sheirbhísí meán sóisialta;
  - faireachán a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag cúrsaí sonracha oiliúna ar Mhaoine Intleachtúil ar fheidhmitheoirí dlí agus faireachán a dhéanamh ar chuimsiú féideartha cúrsaí Maoine Intleachtúla ag na Ballstáit ina gcuid curaclam oiliúna náisiúnta atá deartha d'údaráis inniúla;
  - moladh d'oibreoirí FTZanna san Aontas Moladh an ECFE maidir le Trédhearcacht a Fheabhsú i gCriosanna Saorthrádála a chomhlíonadh.

- (76) Iarrtar ar EUIPO rath an Fhorfheidhmiú Scanadh Maoine Intleachtúla a rianú, ar bhonn líon na n-oifigí Maoine Intleachtúla náisiúnta a sholáthraíonn an tseirbhís chomh maith le líon na FBManna a úsáideann í.
- (77) Iarrtar ar EUIPO comhar le EURid agus le clárlanna eile maidir le hainmneacha fearainn a mhéadú, go háirithe maidir leis an gcóras faisnéise agus foláirimh, tásca geografacha agus TLDanna eile.
- (78) Iarrtar ar EUIPO feacht a mhúscailt faoin gcibearshlándaíl agus cur leis an bhFoireann Uirlisí um Chosc na Cibearghadaíochta a scaipeadh agus a chur chun cinn, lena n-áirítear na hábhair múscailte feachtacha agus oiliúna a ghabhann leis.
- (79) Moltar do Lárionad Idirghabhála EUIPO: (i) na líonraí ábhartha a fhorbairt agus a chothabháil chun úsáid ADR i ndíospóidí bainteach le Maoin Intleachtúil a chur chun cinn agus a leathnú, lena n-áirítear maidir le sárúithe, le haghaidh comhrac níos éifeachtúla in aghaidh an ghóchumtha; agus (ii) faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú beart i ndáil le RMD.
- (80) Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar éifeachtaí an Mholta seo, agus aird chuí á tabhairt ar thorthaí EUIPO, tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis tar éis ghlacadh an Mholta seo. Ar an mbonn sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cibé acu an dteastaíonn bearta breise ar leibhéal an Aontais, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: (i) forbairtí teicneolaíochta; (ii) toradh an staidéir leantaigh ar chur i bhfeidhm Threoir 2004/48/CE; agus (iii) aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cur chun feidhme Rialachán (AE) 2022/2065 agus Mholadh 2023/1018 ar fhorfheidhmiú ceart Maoine Intleachtúla agus ar an gcomhrac in aghaidh an ghóchumtha agus na píoráideachta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Márta 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Thierry BRETON  
*Comhalta den Choimisiún*